

Iris Oifigiúil

na gComhphobal Eorpach

ISSN 0257-9537

Eagrán Speisialta *

26 Eanáir 1998

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathanach

Faisnéis

An Chomhairle

Coinbhinsiún 1968 na Buiséile ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (leagan comhdhlúite) 1

Prótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar Choinbhinsiún 1968 (leagan comhdhlúite) 1

Coinbhinsiún 1980 na Róimhe ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (leagan comhdhlúite) 34

Céad Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar Choinbhinsiún 1980 (leagan comhdhlúite) 34

Dara Prótacal ag tabhairt cumhachtaí áirithe do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun Coinbhinsiún 1980 a léiriú (leagan comhdhlúite) 34

AN CHOMHAIRLE

Coinbhinsiún 1968 na Buiséile ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (leagan comhdhlúite)

Prótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar Choinbhinsiún 1968 (leagan comhdhlúite)

RÉAMHNÓTA

Ar an 29 Samhain 1996 síníodh an Coinbhinsiún ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne do Choinbhinsiún na Buiséile ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus don Phrótacal ar léiriú an Choinbhinsiúin sin ag an gCúirt Bhreithiúnais. B'innmhianaithe dá bharr sin, mar a rinneadh tráth na n-aontachas roimhe seo, go gcuirfí ar fáil do lucht dlí leagan comhdhlúite suas chun dáta de na téacsanna sin de Choinbhinsiún na Buiséile agus den Phrótacal a foilsíodh in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* C 189 an 28 Iúil 1990.

Tá na téacsanna sin comhlánaithe le trí Dhearbhu ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ceann amháin a rinne-

adh i 1978 i dtaca leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le longa farraige a ghabháil, ceann eile i 1989 maidir le daingniú an Choinbhinsiúin ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile agus an tríú ceann i 1996 maidir le dlínse i gcás oibrithe a bheith postaithe, faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, i Stát Conarthach seachas an Stát ina n-oibríonn siad de ghnáth.

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle, ar taisceadh bunleaganacha na n-ionstraimí lena mbaineann ina cartlann, a tharraing suas an téacs atá san eagrán seo. Ní foláir a thabhairt faoi deara áfach nach bhfuil éifeacht cheangailteach leis an téacs seo. Tá téacsanna oifigiúla na n-ionstraimí comhdhlúite le fáil sna hIrisí Oifigiúla seo a leanas:

Teanga ina bhfuil an Iris Oifigiúil foilsithe	Coinbhinsiún 1968 na Buiséile	Prótacal 1971	Coinbhinsiún Aontachais 1978	Coinbhinsiún Aontachais 1982	Coinbhinsiún Aontachais 1989	Coinbhinsiún Aontachais 1997
Gearmáinis	L 299, lch. 32, 31. 12. 1972	L 204, lch. 28, 2. 8. 1975	L 304, lch. 1, 30. 10. 1978	L 388, lch. 1, 31. 12. 1982	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Béarla	L 304, lch. 36, 30. 10. 1978	L 304, lch. 50, 30. 10. 1978	L 304, lch. 1, 30. 10. 1978	L 388, lch. 1, 31. 12. 1982	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Danmhairgis	L 304, lch. 17, 30. 10. 1978	L 304, lch. 31, 30. 10. 1978	L 304, lch. 1, 30. 10. 1978	L 388, lch. 1, 31. 12. 1982	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Fraincis	L 299, lch. 32, 31. 12. 1972	L 204, lch. 28, 2. 8. 1975	L 304, lch. 1, 30. 10. 1978	L 388, lch. 1, 31. 12. 1982	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997

Teanga ina bhfuil an Iris Oifigiúil foilsithe	Coinbhinsiún 1968 na Buiséile	Prótacal 1971	Coinbhinsiún Aontachais 1978	Coinbhinsiún Aontachais 1982	Coinbhinsiún Aontachais 1989	Coinbhinsiún Aontachais 1997
Gréigis	L 388, lch. 7, 31. 12. 1982	L 388, lch. 20, 31. 12. 1982	L 388, lch. 24, 31. 12. 1982	L 388, lch. 1, 31. 12. 1982	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Gaeilge	L 304, lch. 55, 30.10.1978 Eagrán Speisialta (L 388, 31. 12. 1982)	L 304, lch. 55, 30. 10. 1978 Eagrán Speisialta (L 388, 31. 12. 1982)	Eagrán Speisialta (L 388, 31. 12. 1982)	Eagrán Speisialta (L 388, 31. 12. 1982)	Eagrán Speisialta (L 285, 3. 10. 1989)	Eagrán Speisialta (C 15)
Iodáilis	L 299, lch. 32, 31. 12. 1972	L 204, lch. 28, 2. 8. 1975	L 304, lch. 1, 30. 10. 1978	L 388, lch. 1, 31. 12. 1982	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Ollainnis	L 299, lch. 32, 31. 12. 1972	L 204, lch. 28, 2. 8. 1975	L 304, lch. 1, 30. 10. 1978	L 388, lch. 1, 31. 12. 1982	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Spáinnis	L 285, lch. 24, 3. 10. 1989	L 285, lch. 37, 3. 10. 1989	L 285, lch. 41, 3. 10. 1989	L 285, lch. 54, 3. 10. 1989	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Portaingéilis	L 285, lch. 24, 3. 10. 1989	L 285, lch. 37, 3. 10. 1989	L 285, lch. 41, 3. 10. 1989	L 285, lch. 54, 3. 10. 1989	L 285, lch. 1, 3. 10. 1989	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Sualainnis	C 15, lch. 30, 15. 1. 1997	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997	C 15, lch. 14, 15. 1. 1997	C 15, lch. 26, 15. 1. 1997	C 15, lch. 43, 15. 1. 1997	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997
Fionlainnis	C 15, lch. 30, 15. 1. 1997	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997	C 15, lch. 14, 15. 1. 1997	C 15, lch. 26, 15. 1. 1997	C 15, lch. 43, 15. 1. 1997	C 15, lch. 1, 15. 1. 1997

IARSCRÍBHINN

COINBHINSIÚN

ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ⁽¹⁾

BROLLACH ⁽²⁾

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA SA CHONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA,

ÓS MIAN LEO go gcuirfear i ngníomh na forálacha in Airteagal 220 den Chonradh sin ar ghabh siad orthu féin dá mbua a áirithiú go simpleofaí na foirmiúlachtaí a bhaineann le breithiúnais ó chúirteanna nó ó bhinsí a aithint agus a fhorghníomhú go cómhálartach;

ÓS É A MIANGAS go neartófar sa Chomhphobal an chosaint dhlíthiúil ar dhaoine atá bunaithe ann;

DE BHRÍ gur gá chun na críche sin dlínse idirnáisiúnta a gcúirteanna a chinneadh, aithint a éascú agus nós imeachta gasta a thabhairt isteach chun a áirithiú go bhforghníomhófar breithiúnais, ionstraimí barántúla agus socraíochtaí cúirte ⁽²⁾;

TAR ÉIS CINNEADH ar an gCoinbhinsiún seo a chur i gcrích agus cuige sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

(Lánchumhachtaigh arna gceapadh ag na Ballstáit)

NOCH A RINNE, i dtionól na Comhairle, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

⁽¹⁾ An téacs mar atá arna leasú le Coinbhinsiún an 9 Deireadh Fómhair 1978 ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann — dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Aontachais 1978’ anseo feasta — le Coinbhinsiún an 25 Deireadh Fómhair 1982 ar aontú na Poblachta Heilléanaí — dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Aontachais 1982’ anseo feasta — agus le Coinbhinsiún an 26 Bealtaine 1989 ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile — dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Aontachais 1989’ anseo feasta — agus le Coinbhinsiún an 29 Samhain 1996 ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Aontachais 1996’ anseo feasta.

⁽²⁾ Tá an téacs seo a leanas i mbrollach Choinbhinsiún Aontachais 1989:
‘ÓS FEASACH DÓIBH go ndearna Ballstáit an Chomhphobail agus Ballstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, ar an 16 Meán Fómhair 1988 in Lugano, an Coinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a thabhairt i gcrích a leathnaíonn prionsabail Choinbhinsiún na Bruiséile go dtí na Stáit a bheidh ina bpáirtithe ann.’

TEIDEAL I

RAON FEIDHME

Airteagal 1

Beidh feidhm leis an gCoinbhinsiún seo in ábhair shibhialta agus tráchtála, cibé cineál cúirte nó binse a bheidh i gceist. Eisiatar óna réim, go háirithe, cúrsaí ioncaim, custaim agus riaracháin ⁽¹⁾.

Eisiatar ó fheidhm an Choinbhinsiúin:

1. stádas nó inniúlacht dhlíthiúil daoine nádúrtha, maoin-chearta de bhua cóngais phósta, uachtanna agus comharbais;
2. féimheacht, imeachtaí maidir le foirceannadh cuideachtaí dócmhainneacha nó daoine dlítheanacha eile atá dócmhainneach, comhshocraíochtaí breithiúnacha, imshocraíochtaí agus imeachtaí cosúil leo sin;
3. slándáil shóisialta;
4. eadráin.

TEIDEAL II

DLÍNSE

Roinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 2

Faoi réir fhorálacha an Choinbhinsiúin seo, beidh daoine a bhfuil sainchónaí orthu i Stát Conarthach inagartha, cibé náisiúntacht atá acu, i gcúirteanna an Stáit sin.

Daoine nach náisiúnaigh den Stát ina bhfuil sainchónaí orthu, beidh siad faoi rialú ag na rialacha dlínse a bhaineann le náisiúnaigh an Stáit sin.

Airteagal 3

Daoine a bhfuil sainchónaí orthu i Stát Conarthach, ní féidir iad a agairt i gcúirteanna Stáit Chonarthach eile ach amháin de bhua na rialacha atá leagtha síos i Ranna 2 go 6 den Teideal seo.

Go háirithe ní bheidh na forálacha seo a leanas infheidhme ina gcoinne:

- sa Bheilg: Airteagal 15 den chód sibhialta (*Code civil* — *Burgerlijk Wetboek*) agus Airteagal 638 den chód breithiúnach (*Code judiciaire* — *Gerechtelijk Wetboek*),

⁽¹⁾ Cuireadh an dara habairt isteach le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

- sa Danmhairg: Airteagal 246 (2) agus (3) den dlí ar nós imeachta sibhialta (*Lov om rettens pleje*) ⁽²⁾,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine: Airteagal 23 de chód an nós imeachta shibhialta (*Zivil-prozeßordnung*),
- sa Ghréig: Airteagal 40 de chód an nós imeachta shibhialta (*Κώδικας Πολιτικής Δικονομίας*),
- sa Fhrainc: Airteagail 14 agus 15 den chód sibhialta (*Code civil*),
- in Éirinn: na rialacha á chumasú dlínse a bhunú ar dhoiciméad tionscanta na n-imeachtaí a bheith arna sheirbheáil ar an gcosantóir le linn dó bheith in Éirinn go sealadach,
- san Iodáil: Airteagal 2 agus Airteagal 4, Uimh. 1 agus 2, de chód an nós imeachta shibhialta (*Codice di procedura civile*),
- i Lucsamburg: Airteagal 14 agus 15 den chód sibhialta (*Code civil*),
- san Ostair: Airteagal 99 den Dlí ar Dhlínse Chúirte (*Jurisdiktionsnorm*),
- san Ísiltír: Airteagal 126 (3) agus Airteagal 127 de chód an nós imeachta shibhialta (*Wetboek van Burgerlijke Rechtsvordering*),
- sa Phortaingéil: Airteagail 65 (1) (c), 65 (2) agus 65A (c) de chód an nós imeachta shibhialta (*Código de Processo Civil*) agus Airteagal 11 de chód an nós imeachta saothair (*Código de Processo de Trabalho*),
- san Fhionlainn: an dara, an tríú agus an ceathrú habairt den chéad mhír de Roinn 1 de Chaibidil 10 de Chód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh (*oikeudenkäymiskaari/rättegångsbalken*),
- sa tSualainn: an chéad abairt den chéad mír de Roinn 3 de Chaibidil 10 de Chód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh (*rättegångsbalken*),
- sa Ríocht Aontaithe: na rialacha á chumasú dlínse a bhunú:
 - (a) ar dhoiciméad tionscanta na n-imeachtaí a bheith arna sheirbheáil ar an gcosantóir le linn dó bheith sa Ríocht Aontaithe go sealadach; nó
 - (b) ar mhaoín leis an gcosantóir a bheith sa Ríocht Aontaithe; nó
 - (c) ar urghabháil ag an ngearánaí ar mhaoín sa Ríocht Aontaithe ⁽³⁾.

⁽²⁾ Leasú a rinneadh de dhroim fógra ar an 8 Feabhra 1988 de réir Airteagal VI den Phrótacal atá i gceangal leis seo agus a daingníodh le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (1).

⁽³⁾ An dara mír mar atá arna leasú le hAirteagal 4 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún Aontachais 1982, le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún Aontachais 1989 agus le hAirteagal 2 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

Airteagal 4

Mura bhfuil sainchónaí i Stát Conarthach ar an gcosantóir, rialófar dlínse na gcúirteanna i ngach Stát Conarthach de réir dhlí an Stáit sin, faoi réir fhorálacha Airteagal 16.

Aon duine a bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach, cibé náisiúntacht atá aige, féadfaidh sé, ar nós náisiúnaigh an Stáit sin, leas a bhaint sa Stát sin, i gcoinne an chosantóra sin, as na rialacha dlínse atá i bhfeidhm ann agus go háirithe as na cinn a fhoráiltear sa dara mír d'Airteagal 3.

Roinn 2

Dlínse speisialta

Airteagal 5

Duine a bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach, féadfar é a agairt i Stát Conarthach eile:

1. in ábhair a bhaineann le conradh, sna cúirteanna don áit i gcomhair chomhlíonadh na hoibleagáide áirithe; in ábhair a bhaineann le conarthaí fostaíochta aonair, is é an áit sin an áit ina ndéanann an fostaí a chuid oibre de ghnáth; más rud é nach ndéanann an fostaí a chuid oibre in aon tír amháin de ghnáth, féadfar an fostóir a agairt freisin sna cúirteanna don áit ina bhfuil nó ina raibh an áit ghnó trínar earcaíodh an fostaí ⁽¹⁾;
2. in ábhair a bhaineann le cothabháil, sna cúirteanna don áit ina bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí ar an gcreidiúnaí cothabhála nó, más ábhar é atá coimhdeach le himeachtaí i dtaobh stádais duine, sa chúirt ag a bhfuil, de réir a dlí féin, dlínse chun na himeachtaí sin a thriail, mura rud é nach bhfuil de bhonn faoin dlínse sin ach náisiúntacht cheann de na páirtithe ⁽²⁾;
3. in ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh, sna cúirteanna don áit inar tharla an teagmhas díobhálach;

4. i gcás éileamh sibhialta chun damáistí nó aisíocaíocht a ghnóthú mar gheall ar shárú ba shiocair le himeachtaí coiriúla, su chúirt ar tugadh na himeachtaí sin faoina bráid, sa mhéid go bhfuil dlínse ag an gcúirt sin faoina dlí féin glacadh le himeachtaí sibhialta;

5. i gcás díospóide a éiríonn as oibríochtaí brainse, gníomhaireachta nó bunaíochta eile, sna cúirteanna don áit ina bhfuil an brainse, an ghníomhaireacht nó an bhunaíocht eile;

6. ina cháil mar shocraitheoir, iontaobhaí nó tairbhí i leith iontaobhais a bunaíodh de bhun reachta nó le hionstraim i scríbhinn nó a bunaíodh de bhriathra béil agus a fianáíodh i scríbhinn, i gcúirteanna an Stáit Chonarthaigh a bhfuil sainchónaí an iontaobhais ann ⁽³⁾;

7. i gcás díospóide maidir le híoc luach saothair a éilíodh as last nó lucht a tharrtháil, sa chúirt ar faoina húdarás:

- (a) a gabhadh an last nó an lucht áirithe chun an íocaíocht sin a urrú; nó
- (b) a bhféadfaí é a ghabháil amhlaidh, ach gur tugadh bannaí nó urrús eile;

ar an gcoinníoll nach mbeidh feidhm leis an bhforáil seo ach amháin nuair a éilítear go bhfuil leas ag an gcosantóir sa last nó sa lucht nó go raibh leas den sórt sin aige tráth na tarrthála ⁽⁴⁾.

Airteagal 6

Féadfar duine a bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach a agairt freisin:

1. más duine de líon cosantóirí é, sna cúirteanna don áit a bhfuil sainchónaí ar dhuine ar bith díobh;
2. mar thríú páirtí i gcaingean ar bharántas nó ráthaíocht nó in aon imeachtaí eile tríú páirtí, sa chúirt inar tionscnaíodh na himeachtaí bunaidh, mura rud é gur tionscnaíodh iad sin d'aon toisc chun é a thabhairt amach as dlínse na cúirte ab iomchuí ina chás;
3. i gcás frithéilimh a thig den chonradh céanna nó de na fíorais céanna ab fhoras don éileamh bunaidh, sa chúirt ina bhfuil an t-éileamh bunaidh ar feitheamh.

⁽¹⁾ Pointe 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 4 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽²⁾ Pointe 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 5 (3) de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽³⁾ Cuireadh pointe 6 isteach le hAirteagal 5 (4) de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽⁴⁾ Cuireadh pointe 7 isteach le hAirteagal 5 (4) de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

4. i gcás ábhar a bhaineann le conradh, más féidir an chaingean a dhlúthú le caingean i gcoinne an chosantóra céanna in ábhair a bhaineann le cearta *in rem* ar mhaoín dhochorraithe, i gcúirt an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil an mhaoín ⁽¹⁾.

Airteagal 6a ⁽²⁾

Más rud é de bhua an Choinbhinsiúin seo go bhfuil dlínse ag cúirt Stáit Chonarthaigh i gcaingne maidir le dlíteanas a thig as úsáid nó oibriú loinge, beidh dlínse freisin ag an gcúirt sin, nó ag aon chúirt eile a bheidh curtha ina hionad chun na críche sin le dlí intíre an Stáit sin, i gcás éilimh chun an dlíteanas sin a theorannú.

Roinn 3

Dlínse in ábhair a bhaineann le hárachas

Airteagal 7

In ábhair a bhaineann le hárachas, cinnfear dlínse de réir na Roinne seo, gan dochar d'fhorálacha Airteagail 4 agus 5 ⁽⁵⁾.

Airteagal 8 ⁽³⁾

Féadfar árachóir ar a bhfuil sainchónaí i Stát Conarthach a agairt:

1. i gcúirteanna an Stáit ina bhfuil sainchónaí air; nó
2. i Stát Conarthach eile, sna cúirteanna don áit ina bhfuil sainchónaí ar shealbhóir an pholasaí árachais; nó
3. más comhárachóir é, i gcúirteanna Stáit Chonarthaigh ina dtionscnaítear imeachtaí i gcoinne an phríomhárachóra.

Árachóir nach bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach ach a bhfuil brainse nó gníomhaireacht nó bunaíocht eile aige i gceann de na Stáit Chonarthacha, measfar, i gcás díospóidí a thiofáidh ar barr de dhroim oibríochtaí an bhraíne nó na gníomhaireachta nó na bunaíochta, sainchónaí a bheith air sa Stát sin.

⁽¹⁾ Cuireadh pointe 4 isteach le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽²⁾ Cuireadh an tAirteagal seo isteach le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽³⁾ An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

Airteagal 9

Féadfar fairis sin an t-árachóir a agairt sna cúirteanna don áit inar tharla an teagmhas díobhálach más é a bhíonn i gceist árachas i leith dlíteanas nó árachas ar mhaoín dhochorraithe. Is é an dála céanna é má chumhdaítear maoín shochorraithe agus maoín dhochorraithe leis an bpolasaí céanna árachais agus go dtéann an teagmhas céanna chun dochair dóibh araon.

Airteagal 10

I gcás árachais i leith dlíteanas, féadfar mar an gcéanna, má cheadaíonn dlí na cúirte é, an t-árachóir a uamadh in imeachtaí a thionscain an duine díobhálaithe i gcoinne an árachais.

Beidh feidhm le forálacha Airteagail 7, 8 agus 9 i gcás caingne a thionscain an duine díobhálaithe go díreach i gcoinne an árachóra, má cheadaítear na caingne díreacha sin.

Má fhorálan an dlí maidir leis na caingne díreacha sin go bhféadfar sealbhóir an pholasaí nó an t-árachais a uamadh mar pháirtí sa chaingean, beidh dlínse ag an gcúirt chéanna ina leith.

Airteagal 11

Gan dochar d'fhorálacha an tríú mír d'Airteagal 10, ní féidir leis an árachóir imeachtaí a thionscnamh ach amháin i gcúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir, cibé acu sealbhóir an pholasaí nó an t-árachais nó tairbhí é.

Ní dhéanfaidh forálacha na Roinne seo difear don cheart chun frithéileamh a thabhairt sa chúirt ina bhfuil an t-éileamh bunaidh ar feitheamh, de réir na Roinne seo.

Airteagal 12 ⁽⁴⁾

Ní féidir imeacht ó fhorálacha na Roinne seo ach amháin trí chomhaontú i dtaobh dlínse:

1. a dhéanfar tar éis an díospóid a theacht ar barr; nó
2. a cheadóidh do shealbhóir an pholasaí, don árachais nó do thairbhí imeachtaí a thionscnamh i gcúirteanna seachas na cinn a luaitear sa Roinn seo; nó
3. a chuirfear i gcrích idir sealbhóir polasaí agus árachóir, a bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí orthu

⁽⁴⁾ An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 8 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

araon sa Stát Conarthach céanna tráth an chonartha a chur i gcrích agus arb é is éifeacht dó dlínse a thabhairt do chúirteanna an Stáit sin fiú i gcás an teagmhas díobhálach a tharlú ar an gcoigríoch, ar an gcoinníoll nach bhfuil an comhaontú sin contrártha le dlí an Stáit sin ⁽¹⁾; nó

4. a dhéanfar le sealbhóir polasaí nach bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach, ach amháin sa mhéid gurb árachas éigeantach atá ann nó árachas a bhaineann le maoin dhochorraithe i Stát Conarthach; nó
5. a bhainfidh le conradh árachais sa mhéid go gcumhdaíonn sé fiontar nó fiontair a luaitear in Airteagal 12a.

Airteagal 12a ⁽²⁾

Is iad seo a leanas na fiontair dá dtagraítear in Airteagal 12 ⁽⁵⁾:

1. aon chailleadh nó damáiste a bhainfidh:
 - (a) do longa farraige, do chóiríoch amach ón gcladach nó ar muir, nó d'aerárthaí, de dhroim guaiseanna a bhaineann lena n-úsáid chun críoch tráchtála;
 - (b) d'earraí faoi bhealach, seachas bagáiste paisinéirí, agus iad á n-iompar go bun a mbealaigh nó ar chuid dá mbealach ag na longa nó na haerárthaí sin;
2. aon dliteanas, seachas dliteanas i leith díobhála coirp do phaisinéirí nó i leith cailleadh nó damáiste a bhaint dá mbagáiste:
 - (a) a thig as úsáid nó oibriú long, cóiríoch nó aerárthaí mar a luaitear in 1 (a) thuas sa mhéid nach gcuireann dlí an Stáit Chonarthaigh a bhfuil na haerárthaí sin cláraithe ann toirmeasc le comhaontuithe ar dhlínse maidir le hárachú na bhfiontar sin;
 - (b) i leith cailleadh nó damáiste a tharlóidh trí bhíthin earraí faoi bhealach mar a luaitear in 1 (b) thuas;
3. aon chailleadh airgid i ndáil le húsáid nó oibriú long, cóiríoch nó aerárthaí mar a luaitear in 1 (a) thuas, go háirithe cailleadh last-táillí nó íocaíochta as cairthfhostú;
4. aon fhiontar nó leas a ghabhann leo sin a luaitear in 1 go 3 thuas.

Roinn 4 ⁽³⁾

Dlínse ar chonarthaí tomhaltais

Airteagal 13

In imeachtaí maidir le conradh a chuir duine i gcrích chun críche a fhéadfar a mheas a bheith lasmuigh dá thrádáil nó dá ghairm, dá ngairtear an 'tomhaltóir' anseo feasta, cinnfear dlínse leis an Roinn seo, gan dochar d'fhorálacha Airteagal 4 agus 5 ⁽⁵⁾, más éard é:

1. conradh chun earraí a dhíol ar théarmaí creidmheasa tráthchoda; nó
2. conradh le haghaidh iasacht is iníoctha i dtráthchodanna, nó le haghaidh aon fhoirm eile chreidmheasa, arna dhéanamh chun díolachán earraí a mhaoiniú; nó
3. aon chonradh eile chun earraí a sholáthar nó conradh chun seirbhísí a sholáthar; agus
 - (a) go ndearnadh, i Stát shainchónaí an tomhaltóra, cuireadh sonrach a dhíriú chuige nó fógraíocht sular cuireadh an conradh i gcrích; agus
 - (b) go ndearna an tomhaltóir sa Stát sin na bearta ba ghá chun an conradh a chur i gcrích.

I gcás tomhaltóir do dhul i gconradh le páirtí nach bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach ach go bhfuil brainse nó gníomhaireacht nó bunaíocht eile aige i gceann de na Stáit Chonarthaigh, measfar sainchónaí a bheith ar an bpáirtí sin sa Stát sin i gcás díospóidí a thiocfaidh ar barr de dhroim oibríochtaí an bhainse nó na gníomhaireachta nó na bunaíochta.

Ní bhainfidh an Roinn seo le conarthaí iompair.

Airteagal 14

Féadfaidh tomhaltóir imeachtaí a thabhairt in aghaidh an pháirtí eile i gconradh i gcúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil sainchónaí ar an bpáirtí sin nó i gcúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil sainchónaí air féin.

⁽¹⁾ An téacs mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (2).

⁽²⁾ Cuireadh an tAirteagal seo isteach le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽³⁾ An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

Ní féidir le páirtí eile sa chonradh imeachtaí a thabhairt i gcoinne tomhaltóra ach amháin i gcúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir.

Ní dhéanfaidh na forálacha sea difear don cheart chun frithéileamh a thabhairt sa chúirt ina bhfuil an t-éileamh bunaidh ar feitheamh, de réir na Roinne seo.

Airteagal 15

Ní féidir imeacht ó fhorálacha na Roinne seo ach amháin trí chomhaontú:

1. a dhéanfar tar éis díospóid a theacht ar barr; nó
2. a cheadóidh don tomhaltóir imeachtaí a thionscnamh i gcúirteanna seachas na cinn a luaitear sa Roinn seo; nó
3. a dhéanfaidh an tomhaltóir agus an páirtí eile sa chonradh, agus sainchónaí nó gnáthchónaí orthu araon sa Stát Conarthach céanna tráth an chonartha a chur i gcrích, agus a thabharfaidh dlínse do chúirteanna an Stáit sin, ar an gcoinníoll nach bhfuil an comhaontú sin contrártha le dlí an Stáit sin.

Roinn 5

Dlínse eisiach

Airteagal 16

Beidh dlínse eisiach ag na cúirteanna seo a leanas, ar neamhchead do shainchónaí:

1. (a) in imeachtaí arb é is cuspóir dóibh cearta *in rem* ar mhaoín dhochorraithe nó tionóntachtaí maoine dochorraithe, cúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil an mhaoín;
- (b) ach, in imeachtaí arb é is cuspóir dóibh tionóntachtaí maoine dochorraithe arna gcur i gcrích le haghaidh úsáide príobháidí sealadaí go ceann tréimhse nach faide ná sé mhí as a chéile, beidh dlínse freisin ag cúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir, ar an gcoinníoll gur daoine nádúrtha iad an tiarna talún agus an tionónta agus go bhfuil sainchónaí orthu sa Stát Conarthach céanna ⁽¹⁾;

⁽¹⁾ Pointe 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

2. in imeachtaí arb é is cuspóir dóibh bailíocht chomhdhéanamh, neamhniú nó díscáoileadh cuideachtaí nó daoine dlítheanacha eile nó comhlachas de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó cinní a thug orgáin dá gcuid, cúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil suíomh na cuideachta, an duine dhlítheanaigh nó an chomhlachais;
3. in imeachtaí arb é is cuspóir dóibh bailíocht taifead i gcláir phoiblí, cúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil an clár á choimeád;
4. in imeachtaí a bhaineann le clárú nó le bailíocht paitinní, trádmharcanna, dearthaí, nó le cearta eile dá leithéid sin is gá a thaisceadh nó a chlárú, cúirteanna an Stáit Chonarthaigh inar iarradh an taisceadh nó an clárú, nó arb ann a rinneadh nó a mheastar faoi théarmaí coinbhinsiúin idirnáisiúnta go ndearnadh é;
5. in imeachtaí a bhaineann le breithiúnais a fhorghníomhú, cúirteanna an Stáit Chonarthaigh ina ndearnadh, nó ina ndéanfar, an breithiúnas a fhorghníomhú.

Roinn 6

Dlínse a iarchur

Airteagal 17 ⁽²⁾

Más rud é go ndearna na páirtithe, a bhfuil sainchónaí ar pháirtí nó páirtithe díobh i Stát Conarthach, combaontú chun dlínse a bheith ag cúirt nó cúirteanna de chuid Stáit Chonarthaigh aon díospóidí a réiteach a tharla nó a tharlóidh i ndáil le comhbhaint dhlíthiúil áirithe, beidh dlínse eisiach ag an gcúirt nó ag na cúirteanna sin. Ní foláir comhaontú den sórt sin a thugann dlínse:

- (a) a bheith i scríbhinn nó arna fhianú i scríbhinn; nó
- (b) a bheith i bhfoirm atá de réir cleachtas a bhunaigh na páirtithe eatarthu féin; nó
- (c) i dtrádáil nó tráchtáil idirnáisiúnta, a bheith i bhfoirm atá de réir gnáthaimh ar a bhfuil eolas nó ar ar cheart go mbeadh eolas ag na páirtithe agus a bhfuil aithne fhorleathan air sa trádáil nó sa tráchtáil sin agus a leantar go rialta é i measc páirtithe i gconarthaí den saghas a bhaineann leis an trádáil nó an tráchtáil áirithe atá i gceist.

⁽²⁾ Téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Aontachais 1978 agus le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

I gcás comhaontú den sórt sin a bheith déanta ag páirtithe nach bhfuil sainchónaí ar aon pháirtí díobh i Stát Conarthach, ní bheidh aon dlínse ag cúirteanna Stát Conarthach eile ar a ndíospóidí mura rud é go mbeidh diúltaithe do dhlínse ag an gcúirt nó ag na cúirteanna a roghnaíodh.

An chúirt nó na cúirteanna de chuid Stáit Chonarthaigh dá dtugann ionstraim iontaobhais dlínse, beidh dlínse eisiach aici nó acu in aon imeachtaí a thabharfar i gcoinne socraitheora, iontaobhaí nó tairbhí, má bhíonn comhbhaint i gceist idir na daoine sin nó a gcearta nó a n-oibleagáidí faoin iontaobhas.

Ní bheidh aon fheidhm dhlíthiúil ag comhaontuithe nó forálacha ionstraime iontaobhais a thugann dlínse má bhíonn siad contrártha le forálacha Airteagal 12 nó 15, nó má bhíonn dlínse eisiach de bhua Airteagal 16 ag na cúirteanna a bhfuil airbheartaithe acu a ndlínse a eisiamh.

Más ar mhaithe le haon cheann amháin de na páirtithe a rinneadh an comhaontú chun dlínse a thabhairt, beidh ag an bpáirtí sin i gcónaí an ceart chun imeachtaí a thabhairt in aon chúirt eile a bhfuil dlínse aici de bhua an Choinbhinsiúin seo.

In ábhair a bhaineann le conarthaí fostaíochta aonair ní bheidh feidhm dhlíthiúil ag comhaontú chun dlínse a thabhairt ach amháin má rinneadh é tar éis don díospóid tarlú nó má bhaineann an fostaí leas as chun an cás a thabhairt os comhair cúirteanna seachas na cúirteanna don áit ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir nó na cúirteanna dá dtagraítear in Airteagal 5 (1).

Airteagal 18

Amach ó na cásanna ina bhfuil dlínse aici de bhua forálacha eile den Choinbhinsiún seo, beidh dlínse ag cúirt Stáit Chonarthaigh a dtaifeadfaidh cosantóir láithreas os a comhair. Ní bheidh feidhm leis an riail seo más conspóid na dlínse ba chuspóir don láithreas a thaifeadadh, nó má bhíonn dlínse eisiach ag cúirt eile ann de bhua Airteagal 16.

Roinn 7

Fíorú ar dhlínse agus ar inghlacthacht

Airteagal 19

Cúirt de chuid Stáit Chonarthaigh a dtabharfar os a comhair éileamh a bhaineann go príomha le hábhar a bhfuil dlínse eisiach ina leith ag cúirteanna Stáit Chonarthaigh eile de bhua Airteagal 16, dearbhóidh sí uaithi féin nach bhfuil aon dlínse aici.

Airteagal 20

Má dhéntar cosantóir a bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach amháin a agairt i gcúirt de chuid Stáit Chonarthaigh eile agus nach dtaifeadfaidh sé láithreas, dearbhóidh an chúirt uaithi féin nach bhfuil aon dlínse aici mura bhfuil dlínse aici atá bunaithe ar fhorálacha an Choinbhinsiúin seo.

Cuirfidh an chúirt bac ar na himeachtaí fad a bheifear gan a shuíomh go raibh caoi ag an gcosantóir doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad comhionann a fháil in am trátha chun socrú a dhéanamh é féin a chosaint, nó go nedearnadh gach dícheall chuige sin ⁽¹⁾.

Cuirfear in ionad fhorálacha na míre roimhe seo forálacha Airteagal 15 de Choinbhinsiún na Háige dar dáta 15 Samhain 1965 ar sheirbheáil doiciméad dlíthiúil agus seachdhlíthiúil in ábhair shibhialta nó tráchtála ar an gcoigríoch, má ba ghá doiciméad tionscanta na n-imeachtaí, nó fógra ina dtaobh, a sheoladh amach ar an gcoigríoch de réir an Choinbhinsiúin sin.

Roinn 8

Lis pendens — Caingne gaolmhara

Airteagal 21 ⁽²⁾

Má dhéantar imeachtaí leis an gcúis chéanna caingne agus idir na páirtithe céanna a thionscnamh i gcúirteanna Stát Conarthach éagsúil, dlífidh cúirt ar bith seachas an chéad chúirt ar tugadh os a comhair iad bac a chur ar a himeachtaí, uaithi féin, go dtí go suífear dlínse na chéad chúirte ar tugadh os a comhair iad.

Má shuítear dlínse na chéad chúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair, dlífidh cúirt ar bith seachas an chéad chúirt ar tugadh os a comhair iad dlínse a dhiúltú i bhfabhar na chéad chúirte sin.

Airteagal 22

Má thionscnaítear caingne gaolmhara i gcúirteanna Stát Conarthach éagsúil, féadfaidh cúirt ar bith seachas an chéad chúirt ar tugadh os a comhair iad, le linn na caingne a bheith ar feitheamh ag an gcéad chéim, bac a chur ar a himeachtaí.

⁽¹⁾ An dara mír mar atá arna leasú le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽²⁾ An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 8 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

Féadfaidh cúirt seachas an chéad chúirt ar tugadh na caingne os a comhair dlínse a dhiúltú freisin, ar iarratas ó cheann de na páirtithe, má cheadaíonn dlí na cúirte sin caingne gaolmhara a dhlúthú agus go bhfuil dlínse i leith an dá chaingean ag an gcéad chúirt ar tugadh os a comhair iad.

Chun críocha an Airteagail seo, meastar caingne a bheith gaolmhar má bhíonn baint chomh dlúth sin acu le chéile go bhfuil sé fóirteanach iad a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais bunoscionn le chéile mar ab fhéidir a theacht d'imeachtaí ar leithligh.

Airteagal 23

Má thagann caingne faoi dhlínse eisiach chúirteanna éagsúla, dlífidh cúirt ar bith seachas an chéad chúirt ar tugadh os a comhair iad dlínse a dhiúltú i bhfabhar na chéad chúirte sin.

Roinn 9

Bearta sealadacha lena n-áirítear bearta consantacha

Airteagal 24

Féadfar cibé bearta sealadacha, lena n-áirítear bearta cosantacha, a bheidh ar fáil faoi dhlí Stáit Chonarthaigh a iarraidh ar chúirteanna an Stáit sin, fiú más rud é, faoin gCoinbhinsiún seo, go bhfuil dlínse ag cúirteanna Stáit Chonarthaigh eile maidir le substaint an ábhair.

TEIDEAL III

AITHINT AGUS FORGHNÍOMHÚ

Airteagal 25

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn 'breithiúnas' aon bhreithiúnas arna thabhairt ag cúirt nó binse de chuid Stáit Chonarthaigh, cibé ainm a thugtar ar an mbreithiúnas, lena n-áirítear foraithe, ordú, breith, nó eascaire fhorghníomhaithe, mar aon le cinneadh ar chostais nó caiteachais ag oifigeach en chúirt.

Roinn 1

Aithint

Airteagal 26

Gheobhaidh breithiúnas a tugadh i Stát Conarthach aithint sna Stáit Chonarthacha eile gan aon nós imeachta speisialta a bheith riachtanach chuige sin.

Aon pháirtí leasmhar a thabharfaidh aithint bhreithiúnais faoi thrácht mar phríomhshaincheist i gconspóid, féadfaidh sé, de réir an nós imeachta dá bhforáiltear i Ranna 2 agus 3 den Teideal seo, iarratas a dhéanamh ar bhreith go ndlítear an breithiúnas a aithint.

Má bhíonn toradh imeachtaí i gcúirt de chuid Stáit Chonarthaigh a brath ar cheist theagmhasach aithinte a chinneadh, beidh dlínse ag an gcúirt sin ar an gceist sin.

Airteagal 27

Ní aithneofar breithiúnas:

1. má bhíonn an aithint sin contrártha leis an ord poiblí sa Stát ina n-iarrtar an eithint;
2. más d'éagmais láithris a tugadh an breithiúnas, mura ndearnadh doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad comhionann a sheirbheáil go cuí ar an gcosantóir in am trátha chun socrú a dhéanamh é féin a chosaint ⁽¹⁾;
3. má bhíonn an breithiúnas bunoscionn le breithiúnas a tugadh i ndíospóid idir na páirtithe céanna sa Stát ina n-iarrtar an aithint;
4. má rinne cúirt an Stáit tionscnaimh, d'fhonn teacht ar a breithiúnas, réamhcheist maidir le stádas nó le hinniúlacht dhlíthiúil daoine nádúrtha, le maoin-chearta, de thoradh cóngais phósta, le huachtanna nó le comharbas, a chinneadh ar dhóigh atá contrártha le riail de dhlí idirnáisiúnta príobháideach an Stáit ina n-iarrtar an aithint, mura rud é gurb é an toradh céanna a thiocfadh de rialacha dlí idirnáisiúnta phríobháidigh an Stáit sin a chur chun feidhme ⁽²⁾;
5. má bhíonn an breithiúnas bunoscionn le breithiúnas a tugadh roimhe sin i Stát neamhchonarthach agus é ag baint leis a gcúis chéanna caingne agus idir na páirtithe céanna, nuair a chomhlíonnann an breithiúnas deireanach seo na coinníollacha is gá chun é a aithint sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas ⁽³⁾.

⁽¹⁾ Pointe 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 13 (1) de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽²⁾ Pointe 4 mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (4).

⁽³⁾ Cuireadh pointe 5 isteach le hAirteagal 13 (2) de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

Airteagal 28

Ina theannta sin, ní aithneofar breithiúnas má bhíonn sé contrártha le forálacha Roinn 3, 4 nó 5 de Theideal II, ná i gcás dá bhforáiltear in Airteagal 59 ⁽¹⁾.

Nuair a bheidh na forais dlínse a luaitear sa mhír roimhe seo faoi bhreithniú aige nó aici, beidh an t-údarás nó an chúirt chun a ndearnadh an t-iarratas faoi cheangal ag na cinntí fórais a ndearna cúirt an Stáit tionscnaimh a dlínse a bhunú orthu ⁽²⁾.

Faoi réir fhorálacha na chéad mhíre, ní féidir dlínse chúirt an Stáit tionscnaimh a athbhreithniú; ní bheidh a fhoráil i dtaobh ord poiblí dá dtagraítear in Airteagal 27 (1) inchurtha chun feidhme ar na rialacha maidir le dlínse ⁽³⁾.

Airteagal 29

Ní féidir i gcás ar bith breithiúnas coigríche a athbhreithniú ó thaobh a shubstainte.

Airteagal 30

Féadfaidh cúirt i Stát Conarthach ar a n-iarrfar aithint bhreithiúnais a tugadh i Stát Conarthach eile bac a chur ar na himeachtaí má taisceadh gnáthachomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin.

Féadfaidh cúirt i Stát Conarthach ina n-iarrfar aithint do bhreithiúnas a tugadh in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe bac a chur ar na himeachtaí má bhíonn forghníomhú curtha ar fionraí, mar gheall ar achomharc, sa Stát tionscnaimh ⁽³⁾.

Roinn 2

Forghníomhú

Airteagal 31

Déanfar breithiúnas a tugadh i Stát Conarthach agus is infhorghníomhaithe sa Stát sin a fhorghníomhú i Stát

Conarthach eile nuair a bheidh sé dearbhaithe, ar iarratas ó aon pháirtí leasmhar, go bhfuil sé infhorghníomhaithe sa Stát eile sin ⁽⁴⁾.

Sa Ríocht Aontaithe, áfach, déanfar breithiúnas den sórt sin a fhorghníomhú i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, in Albain, nó i dTuaisceart Éireann nuair a bheidh sé cláraithe, ar iarratas ó aon pháirtí leasmhar, lena fhorghníomhú sa chuid sin den Ríocht Aontaithe ⁽⁵⁾.

Airteagal 32

Is chucu seo a bheidh an t-iarratas le déanamh:

- sa Bheilg, an *tribunal de première instance* nó *rechtbank van eerste aanleg*,
- sa Danmhairg, an *byret* ⁽⁶⁾,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, uachtarán dlísheomra den *Landgericht*,
- sa Ghréig, an *Μονομελές Πρωτοδικείο*,
- sa Spáinn, an *Juzgado de Primera Instancia*,
- sa Fhrainc, uachtarán an *tribunal de grande instance*,
- in Éirinn, an Ard-Chúirt,
- san Iodáil, an *corte d'appello*,
- i Lucsamburg, uachtarán an *tribunal d'arrondissement*,
- san Ostair, an *Bezirksgericht*,
- san Ísiltír, uachtarán an *arrondissementsrechtbank*,
- sa Phortaingéil, an *Tribunal Judicial de Circuito*,
- san Fhionlainn, *käräjäoikeus/tingsrätt*,
- sa tSualainn, an *Svea hovrätt*,
- sa Ríocht Aontaithe:
 - (a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, an *High Court of Justice* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, an *Magistrates' Court* tríd an *Secretary of State*;
 - (b) in Albain, an *Court of Session* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, an *Sheriff Court* tríd an *Secretary of State*;

⁽¹⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (5), an chéad fhleasc.

⁽²⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (5), an dara fleasc.

⁽³⁾ Cuireadh an dara mír isteach le hAirteagal 14 de Choinbhinsiún Aontachais 1978. Leasaíodh í le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (6).

⁽⁴⁾ Téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽⁵⁾ Cuireadh an dara mír isteach le hAirteagal 15 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽⁶⁾ Leasú a rinneadh de dhroim fógra ar an 8 Feabhra 1988 de réir Airteagal VI den Phrótacal atá i gceangal leis seo agus a daingníodh le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (8).

- (c) i dTuaisceart Éireann, an *High Court of Justice* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, an *Magistrates' Court* tríd an *Secretary of State* ⁽¹⁾.

Cinnfear dlínse cúirteanna áitiúla de réir na háite a bhfuil sainchónaí ar an bpáirtí a n-iarrtar forghníomhú ina choinne. Mura bhfuil sainchónaí air sa Stát a n-iarrtar an forghníomhú ann, cinnfear í de réir áit fhorghníomhaithe.

Airteagal 33

Is de réir dhlí an Stáit a n-iarrtar forghníomhú ann a rialófar an nós imeachta maidir leis an iarratas a thaisceadh.

Ní foláir don iarratasóir seoladh a thabhairt le haghaidh seirbheála próise i limistéar dlínse na cúirte chun a ndéantar an t-iarratas. Ach más rud é nach bhforálann dlí an Stáit a n-iarrtar forghníomhú ann seoladh mar sin a bheith le tabhairt, ceapfaidh an t-iarratasóir ionadaí *ad litem*.

Ní foláir na doiciméid a luaitear in Airteagail 46 agus 47 a bheith i gceangal leis an iarratas.

Airteagal 34

Tabharfaidh an chúirt chun a ndéantar an t-iarratas a breith ar an iarratas gan mhoill agus ní fhéadfaidh an páirtí a n-iarrtar forghníomhú ina choinne aon aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an iarratas ag an gcéim seo de na himeachtaí.

Ní féidir diúltú don iarratas ach ar chúis dá bhforáiltear in Airteagal 27 agus 28.

Ní féidir i gcás ar bith an breithiúnas coigríche a athbhreithniú ó thaobh a shubstainte.

Airteagal 35

Déanfaidh oifigeach iomchuí na cúirte, gan mhoill, an bhreith a tugadh ar an iarratas a chur in iúl don iarratasóir, de réir an nós imeachta a leagadh síos le dlí an Stáit a n-iarrtar forghníomhú ann.

Airteagal 36

Má údaraítear forghníomhú, féadfaidh an páirtí ar iarradh forghníomhú ina choinne achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe laistigh de mhí ó lá seirbheála.

Má tá sainchónaí ar an bpáirtí sin i Stát Conarthach seachas an ceann inar tugadh an bhreith a d'údaraigh

forghníomhú, beidh tréimhse dhá mí ann le haghaidh achomhairc agus rithfidh sí ó lá na seirbheála air féin go pearsante nó ag a ionad cónaithe. Ní féidir cur leis an tréimhse sin mar gheall ar fhad slí ó bhaile.

Airteagal 37 ⁽²⁾

1. Déanfar achomharc i gcoinne na breithe a d'údaraigh forghníomhú a thaisceadh de réir rialacha an nós imeachta in ábhair chointinneacha:

- sa Bheilg, sa *tribunal de première instance* nó *rechtbank van eerste aanleg*,
- sa Danmhairg, sa *landsret*,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, san *Oberlandesgericht*,
- sa Ghréig, san *Εφετείο*,
- sa Spáinn, san *Audiencia Provincial*,
- sa Fhrainc, sa *cour d'appel*,
- in Éirinn, san Ard-Chúirt,
- san Iodáil, sa *corte d'appello*,
- i Lucsamburg, sa *Cour supérieure de justice* ina suí di mar chúirt achomhairc shibhialta,
- san Ostair, sa *Bezirksgericht*,
- san Ísiltír, san *arrondissementsrechtbank*,
- sa Phortaingéil, sa *Tribunal da Relação*,
- san Fhionlainn, i *hovioikeus/hovrätt*,
- sa tSualainn, sa *Svea hovrätt*,
- sa Ríocht Aontaithe:
 - (a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, sa *High Court of Justice* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, sa *Magistrates' Court*,
 - (b) in Albain, sa *Court of Session* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, sa *Sheriff Court*,
 - (c) i dTuaisceart Éireann, sa *High Court of Justice* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, sa *Magistrates' Court*.

2. Ní féidir an breithiúnas a tugadh ar an achomharc a chonspóid ach amháin:

- sa Bheilg, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Iodáil, i Lucsamburg agus san Ísiltír, trí achomharc *en cassation*,

⁽¹⁾ Mír 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 16 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 4 de Choinbhinsiún Aontachais 1982, le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún Aontachais 1989 agus le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽²⁾ An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 17 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún Aontachais 1982, le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Aontachais 1989 agus le hAirteagal 4 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

- sa Danmhairg, trí achomharc chuig an højesteret, le cead ón Aire Dlí agus Cirt,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, trí *Rechtsbeschwerde*,
- san Ostair, i gcás achomhairc, trí *Revisionsrekurs* agus, i gcás imeachtaí freasúra, trí *Berufung* lena ngabhann deis athbhreithnithe,
- in Éirinn, trí achomharc ar phointe dlí chuig an gCúirt Uachtarach,
- sa Phortaingéil, trí achomharc ar phointe dlí,
- san Fhionlainn, trí achomharc chuig *korkein oikeus/högsta domstolen*,
- sa tSualainn, trí achomharc chuig *Högsta domstolen*,
- sa Ríocht Aontaithe, trí aon achomharc amháin eile ar phointe dlí.

Airteagal 38

Féadfaidh an chúirt ar tugadh an t-achomharc faoin gcéad mhír d'Airteagal 37 os a comhair, má iarrann an t-achomharcóir é, bac a chur leis na himeachtaí i gcás gnáthachomharc i gcoinne an bhreithiúnais a bheith taiscthe sa Stát tionscnaimh nó mura bhfuil an tréimhse le haghaidh achomhairc den sórt sin dulta in éag fós; sa chás deiridh sin, féadfaidh an chúirt a shonrú cad é an tréimhse le haghaidh achomharc den sórt sin a thaisceadh ⁽¹⁾.

Más in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe a tugadh an breithiúnas, measfar aon chineál achomhairc is indéanta sa Stát tionscnaimh a bheith ina ghnáthachomharc chun críocha na chéad mhíre ⁽²⁾.

Féadfaidh an chúirt freisin é a chur de choinníoll leis an bhforghníomhú go dtabharfar don chúirt cibé urrús a chinnfidh sí.

Airteagal 39

Le linn na tréimhse a shonraítear le haghaidh achomhairc de bhun Airteagal 36 agus go dtí go mbeidh breith tugtha ar aon achomharc den sórt sin, ní féidir a dhéanamh maidir leis an bhforghníomhú ach amháin bearta cosanta in aghaidh mhaoín an pháirtí a n-iarrtar forghníomhú ina choinne.

⁽¹⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (9).

⁽²⁾ Cuireadh an dara mír isteach le hAirteagal 18 de Choinbhinsiún Aontachais 1978 agus leasaíodh í le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (9).

Gabhfaidh údarás chun aon bhearta cosanta den sórt sin a ghlacadh leis an mbreith a údaróidh forghníomhú.

Airteagal 40

1. Má dhiúltaítear don iarratas ar fhorghníomhú, féadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh:

- sa Bheilg, chuig an *cour d'appel* nó *hof van beroep*,
- sa Danmhairg, chuig an *landsret*,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, chuig an *Oberlandesgericht*,
- sa Ghréig, chuig an *Εφετείο*,
- sa Spáinn, chuig an *Audiencia Provincial*,
- sa Fhrainc, chuig an *cour d'appel*,
- in Éirinn, chuig an Ard-Chúirt,
- san Iodáil, chuig an *corte d'appello*,
- i Lucsamburg, chuig an *Cour supérieure de justice*, ina suí di mar chúirt achomhairc shibhialta,
- san Ostair, chuig an *Bezirksgericht*,
- san Ísiltír, chuig an *gerechtshof*,
- sa Phortaingéil, chuig an *Tribunal da Relação*,
- san Fhionlainn, chuig *hovioikeus/hovrätten*,
- sa tSualainn, chuig an *Svea hovrätt*,
- sa Ríocht Aontaithe:
 - (a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, chuig an *High Court of Justice* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, chuig an *Magistrates' Court*;
 - (b) in Albain, chuig an *Court of Session* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, chuig an *Sheriff Court*;
 - (c) i dTuaisceart Éireann, chuig an *High Court of Justice* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, chuig an *Magistrates' Court* ⁽³⁾.

2. Cuirfear toghairm ar an bpáirtí a n-iarrtar forghníomhú ina choinne á cheangal air láithriú os comhair na cúirte achomhairc. Mura láithreoidh sé, beidh forálacha an dara agus an tríú mír d'Airteagal 20 infheidhme, fiú mura bhfuil sainchónaí air in aon cheann de na Stáit Chonartha.

⁽³⁾ Mír 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 19 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún Aontachais 1982, le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún Aontachais 1989 agus le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

Airteagal 41 ⁽¹⁾

Ní féidir breithiúnas a tugadh ar achomharc dá bhforáiltear in Airteagal 40 a chonspóid ach amháin:

- sa Bheilg, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Iodáil, i Lucsamburg agus san Ísiltír, trí achomharc *en cassation*,
- sa Danmhairg, trí achomharc chuig an *højesteret*, le cead ón Aire Dlí agus Cirt,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, trí *Rechtsbeschwerde*,
- in Éirinn, trí achomharc ar phointe dlí chuig an gCúirt Uachtarach,
- san Ostair, trí *Revisionsrekurs*,
- sa Phortaingéil, trí achomharc ar phointe dlí,
- san Fhionlainn, trí achomharc chuig *korkein oikeus/högsta domstolen*,
- sa tSualainn, trí achomharc chuig *Högsta domstolen*,
- sa Ríocht Aontaithe, trí aon achomharc amháin eile ar phointe dlí.

Airteagal 42

Má bhíonn breithiúnas coigríche tugtha i leith ábhar éagsúil agus nach féidir forghníomhú a údarú ina dtaobh go léir, déanfaidh an chúirt forghníomhú a údarú i gcás ábhair amháin nó níos mó díobh.

Féadfaidh iarratasóir forghníomhú páirteach ar bhreithiúnas a iarraidh.

Airteagal 43

Ní fhéadfar breithiúnas coigríche a d'ordaigh íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorghníomhú sa Stát a n-iarrtar forghníomhú ann mura mbeidh méid na híocaíochta arna chinneadh go críochnaitheach ag cúirteanna an Stáit tionscnaimh ⁽²⁾.

Airteagal 44 ⁽³⁾

Iarratasóir ar tugadh dó go hiomlán nó go páirteach, sa Stát tionscnaimh, cúnamh dlíthiúil nó díolúine ó chostais

⁽¹⁾ An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 20 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Aontachais 1982, le hAirteagal 13 de Choinbhinsiún Aontachais 1989 agus le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽²⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (10).

⁽³⁾ An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 21 de Coinbhinsiún Aontachais 1978 agus le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (11).

nó ó chaiteachais, beidh teideal aige, sna nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagail 32 go 35, chun tairbhiú den chúnamh dlíthiúil is fabhraí nó den díolúine is fairsinge ó chostais nó ó chaiteachais a fhoráiltear le dlí an Stáit chun a ndéantar an t-iarratas.

Ach féadfaidh iarratasóir a iarrfaidh forghníomhú ar bhreith a thug údarás riaracháin sa Danmhairg i leith ordú cothabhála éileamh a dhéanamh, sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas, ar na tairbhí dá dtagraítear sa chéad mhír má thugann sé ar aird ráiteas ó Aireacht Dlí agus Cirt na Danmhairge á rá go gcomhlíonann sé na ceanglais eacnamaíocha is gá chun bheith cáilithe le haghaidh cúnamh dhlíthiúil nó díolúine ó chostais nó ó chaiteachais go hiomlán nó go páirteach.

Airteagal 45

Ní féidir urrús, banna ná taisce, de chineál ar bith, a éileamh ar pháirtí a iarrfaidh forghníomhú i Stát Conarthach amháin ar bhreithiúnas a tugadh i Stát Conarthach eile ar an bhforas gur náisiúnach eachtrach é ná ar an bhforas nach bhfuil sainchónaí ná gnáthchónaí air sa Stát a n-iarrtar an forghníomhú ann.

Roinn 3

Forálacha comhchoiteanna

Airteagal 46

Dlífidh páirtí a iarrfaidh aithint nó forghníomhú ar bhreithiúnas na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird:

1. cóip den bhreithiúnas a shásódidh na coinníollacha is gá chun a barántúlacht a shuíomh;
2. i gcás breithiúnais mhainneachtana, an chóip bhunaidh nó cóip dhílis dheimhnithe den doiciméad á shuíomh gur seirbheáladh doiciméd tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad comhionann ar an bpáirtí mainneachtnach ⁽⁴⁾.

Airteagal 47

Dlífidh páirtí a iarrfaidh forghníomhú na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird freisin:

1. doiciméid á shuíomh go bhfuil an breithiúnas infhorghníomhaithe, agus gur sierbheáladh é, de réir dhlí an Stáit tionscnaimh ⁽⁵⁾;

⁽⁴⁾ Pointe 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 22 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽⁵⁾ Pointe 1 mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (12).

2. más cuí, doiciméad á thaispeáint go bhfuil cúnamh dlíthiúil á fháil ag an iarratasóir sa Stát tionscnaimh.

Airteagal 48

Mura dtugtar ar aird na doiciméid a luaitear in Airteagal 46 (2) agus in Airteagal 47 (2), féadfaidh an chúirt tréimhse a shonrú chun iad a thabhairt ar aird, nó glacadh le doiciméid chomhionanna, nó déanamh d'éagmais na ndoiciméad má mheasann sí go bhfuil a sáith faisnéise os a comhair.

Déanfar aistriúchán ar na doiciméid a thabhairt ar aird má éilíonn an chúirt é; ní foláir an t-aistriúchán a bheith deimhnithe ag duine atá cáilithe chuige sin i gceann de na Stáit Chonarthacha.

Airteagal 49

Ní gá aon dlíthiúilocht ná aon fhoirmiúlacht dá samhail i leith na ndoiciméad a luaitear in Airteagal 46 nó 47 nó sa dara mír d'Airteagal 48, ná i leith doiciméad ag ceapadh ionadaí *ad litem*.

TEIDEAL IV

IONSTRAIMÍ BARÁNTÚLA AGUS SOCRAÍOCHTAÍ CÚIRTE

Airteagal 50

Doiciméad a tarraingíodh suas go foirmiúil nó a cláraíodh mar ionstraim bharántúil agus is infhorghníomhaithe i Stát Conarthach amháin, déanfar, arna iarraidh sin de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31 *et seq*, a dhearbhu, i Stát Conarthach eile, go bhfuil sé infhorghníomhaithe ann. Ní féidir diúltú don iarratas ach amháin i gcás forghníomhú na hionstraime a bheith contrártha leis an ord poiblí sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas ⁽¹⁾.

Ní foláir an ionstraim a thabharfar ar aird a bheith de réir na gcoinníollacha is gá chun a barántúlacht sa Stáit tionscnaimh a shuíomh ⁽²⁾.

Beidh feidhm le forálacha Roinn 3 de Theideal III de réir mar is cuí.

Airteagal 51 ⁽³⁾

Socraíocht ar tugadh formheas uirthi sa chúirt i gcúrsa imeachtaí agus is infhorghníomhaithe sa Stát inar tugadh i gcrích í féadfar í a fhorghníomhú sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas, faoi na coinníollacha céanna le hionstraimí barántúla.

⁽¹⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le hAirteagal 14 agus Iarscríbhinn I, (f) (13) de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽²⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (13).

⁽³⁾ Airteagal 51 mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (14).

TEIDEAL V

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 52

Chun a chinneadh an bhfuil sainchónaí ar pháirtí i Stát Conarthach ar tugadh ábhar os comhair a chúirteanna, cuirfidh an chúirt a dlí inmheánach chun feidhme.

Mura bhfuil sainchónaí ar pháirtí sa Stát ar tugadh an t-ábhar os comhair a chúirteanna, déanfaidh an chúirt, chun a chinneadh an bhfuil sainchónaí i Stát Conarthach eile ar an bpáirtí, dlí an Stáit sin a chur chun feidhme.

... ⁽⁴⁾

Airteagal 53

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, measfar sainchónaí a bheith ar chuideachta nó ar dhuine dlítheanach nó ar chomhlachas de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha san áit a bhfuil a suíomh. Ach chun an suíomh sin a chinneadh cuirfidh an chúirt rialacha a dlí idirnáisiúnta phríobháidigh chun feidhme.

Chun a chinneadh an bhfuil sainchónaí ar iontaobhas sa Stát Conarthach a bhfuil an t-ábhar os comhair a chúirteanna, cuirfidh an chúirt rialacha a dlí idirnáisiúnta phríobháidigh chun feidhme ⁽⁵⁾.

TEIDEAL VI

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

Airteagal 54 ⁽⁶⁾

Ní bhainfidh forálacha an Choinbhinsiúin seo ach le himeachtaí dlíthiúla a thionscnófar agus le doiciméid a tharraingeofar suas go foirmiúil nó a chlárófar mar ionstraimí barántúla éis a theachta i bhfeidhm sa Stát tionscnaimh agus, má iarrtar aithint nó forghníomhú breithiúnais nó ionstraime barántúla, sa Stát chun a ndéantar a t-iarratas.

Déanfar, áfach, breithiúnais a thabharfar tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas, i gcás imeachtaí a tionscnaíodh roimh an dáta sin, a aithint agus a fhorghníomhú de réir fhorálacha Theideal III má bhí dlínse bunaithe ar rialacha i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear i dTeideal II den Choinbhinsiún seo nó i gcoinbhinsiún a cuireadh i gcrích idir an Stát

⁽⁴⁾ Scríosadh an tríú mír le hAirteagal 15 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽⁵⁾ Cuireadh an dara mír isteach le hAirteagal 23 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽⁶⁾ Téacs nua an Airteagail seo mar atá arna leasú le hAirteagal 16 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas agus a raibh feidhm aige nuair a tionscnaíodh na himeachtaí⁽¹⁾.

Má bhí na páirtithe i ndíospóid i dtaobh conartha tar éis comhaontú a dhéanamh i scríbhinn, roimh an

1 Meitheamh 1988 i gcás na hÉireann agus an 1 Eanáir 1987 i gcás na Ríochta Aontaithe, go mbeadh an Conradh faoi rialú ag dlí na hÉireann nó ag dlí cuid den Ríocht Aontaithe, coinneoidh cúirteanna na hÉireann nó na coda sin den Ríocht Aontaithe an ceart chun dlínse a fheidmiú sa díospóid⁽²⁾.

⁽¹⁾ I dTeideal V de Choinbhinsiún Aontachais 1978 tá na forálacha idirthréimhseacha seo a leanas:

'Airteagal 34

1. Ní bheidh feidhm ag Coinbhinsiún 1968 agus Prótacal 1971, fara na leasuithe a dhéantar leis an gCoinbhinsiún seo, ach amháin ar imeachtaí dlíthiúla a thionscnófar agus ar ionstraimí barántúla a tharraingeofar suas go foirmiúil nó a chlárófar tar éis an Coinbhinsiún seo a theacht i bhfeidhm sa Stát tionscnaimh, agus i gcás iarratais chun breithiúnas nó ionstraim bharántúil a aithint nó a fhorghníomhú, sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas.
2. Ach, amhail idir na sé Stát Chonarthaigh i gCoinbhinsiún 1968, déanfar breithiúnais a thabharfar tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm in imeachtaí a tionscnaíodh roimh an dáta sin a aithint agus a fhorghníomhú de réir fhorálacha Theideal III de Choinbhinsiún 1968 arna leasú.
3. Thairis sin, amhail idir na sé Stát Chonarthaigh i gCoinbhinsiún 1968, agus na trí Stát a luaitear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún seo, agus amhail idir na trí Stát sin, déanfar breithiúnais a thabharfar tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas in imeachtaí a tionscnaíodh roimh an dáta sin a aithint agus a fhorghníomhú freisin de réir fhorálacha Theideal III de Choinbhinsiún 1968 arna leasú i gcás an dlínse a bheith bunaithe ar rialacha a bhí i gcomhréir le forálacha Theideal II, arna leasú, nó le forálacha i gCoinbhinsiún arna thabhairt i gcrích idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas a raibh feidhm aige nuair a tionscnaíodh na himeachtaí.'

I dTeideal V de Choinbhinsiún Aontachais 1982 tá na forálacha idirthréimhseacha seo a leanas:

'Airteagal 12

1. Ní bheidh feidhm ag Coinbhinsiún 1968 agus Prótacal 1971, arna leasú le Coinbhinsiún 1978 agus leis an gCoinbhinsiún seo, ach amháin ar imeachtaí dlíthiúla a thionscnófar agus ar ionstraimí barántúla a tharraingeofar suas go foirmiúil nó a chlárófar tar éis an Coinbhinsiún seo a theacht i bhfeidhm sa Stát tionscnaimh agus i gcás iarratais chun breithiúnas nó ionstraim bharántúil a aithint nó a fhorghníomhú, sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas.
2. Déanfar, áfach, breithiúnais a thabharfar tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas in imeachtaí a tionscnaíodh roimh an dáta sin a aithint agus a fhorghníomhú de réir fhorálacha Theideal III de Choinbhinsiún 1968 arna leasú le Coinbhinsiún 1978 agus leis an gCoinbhinsiún seo i gcás an dlínse a bheith bunaithe ar rialacha a bhí i gcomhréir le forálacha Theideal II de Choinbhinsiún 1968, arna leasú, nó le forálacha coinbhinsiúin a bhí i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas tráth na n-imeachtaí a thionscnamh.'

I dTeideal VI de Choinbhinsiún Aontachais 1989 tá na forálacha idirthréimhseacha seo a leanas:

'Airteagal 29

1. Ní bheidh feidhm ag Coinbhinsiún 1968 agus Prótacal 1971, arna leasú le Coinbhinsiún 1978, le Coinbhinsiún 1982 agus leis an gCoinbhinsiún seo, ach amháin ar imeachtaí dlíthiúla a thionscnófar agus ar ionstraimí barántúla a tharraingeofar suas go foirmiúil nó a chlárófar tar éis an Coinbhinsiún seo a theacht i bhfeidhm sa Stát tionscnaimh agus, i gcás iarratais chun breithiúnas nó ionstraim bharántúil a aithint nó a fhorghníomhú, sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas.
2. Déanfar, áfach, breithiúnais a thabharfar tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas in imeachtaí a tionscnaíodh roimh an dáta sin a aithint agus a fhorghníomhú de réir fhorálacha Theideal III de Choinbhinsiún 1968 arna leasú le Coinbhinsiún 1978, le Coinbhinsiún 1982 agus leis an gCoinbhinsiún seo i gcás an dlínse a bheith bunaithe ar rialacha a bhí i gcomhréir le forálacha Theideal II de Choinbhinsiún 1968, arna leasú, nó le forálacha coinbhinsiúin a bhí i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas tráth na n-imeachtaí a thionscnamh.'

I dTeideal V de Choinbhinsiún Aontachais 1996 tá na forálacha idirthréimhseacha seo a leanas:

'Airteagal 13

1. Ní bheidh feidhm ag Coinbhinsiún 1968 agus Prótacal 1971, mar atá arna leasú le Coinbhinsiún 1978, le Coinbhinsiún 1982, le Coinbhinsiún 1989 agus leis an gCoinbhinsiún seo, ach amháin ar imeachtaí dlíthiúla a thionscnófar agus ar ionstraimí barántúla a tharraingeofar suas go foirmiúil nó a chlárófar tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm sa Stát tionscnaimh agus, i gcás iarratais chun breithiúnas nó ionstraim bharántúil a aithint nó a fhorghníomhú, sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas.
2. Déanfar, áfach, breithiúnais a thabharfar tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas in imeachtaí a tionscnaíodh roimh an dáta sin a aithint agus a fhorghníomhú de réir fhorálacha Theideal III de Choinbhinsiún 1968 mar atá arna leasú le Coinbhinsiún 1978, le Coinbhinsiún 1982, le Coinbhinsiún 1989 agus leis an gCoinbhinsiún seo i gcás an dlínse a bheith bunaithe ar rialacha a bhí i gcomhréir le forálacha Theideal II de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú, nó le forálacha coinbhinsiúin a bhí i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas tráth na n-imeachtaí a thionscnamh.'

⁽²⁾ Gabhann an mhír seo ionad Airteagal 35 de Theideal V de Choinbhinsiún Aontachais 1978 a leathnaíodh go dtí an Phoblacht Heilléanach le hAirteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Aontachais 1982. Scríosadh an dá fhoráil sin de bhun Airteagal 28 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

Airteagal 54a ⁽¹⁾

Go ceann tréimhse trí bliana ón 1 Samhain 1986 i gcás na Danmhairge agus ón 1 Meitheamh 1988 i gcás na hÉireann, déanfar dlínse in ábhair mhuirí a chinneadh sna Stáit sin de réir fhorálacha Theideal II, i dteannta fhorálacha phointí 1 go 6 anseo thíos. Ach nuair a thiocfaidh an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le longa farraige a ghabháil, a síníodh sa Bhruiséil ar an 10 Bealtaine 1952, i bhfeidhm i gcás ceann de na Stáit sin, scoirfidh na forálacha seo d'éifeacht a bheith acu i gcás an Stáit sin.

1. Féadfar duine ar a bhfuil sainchónaí i Stát Conarthach a agairt i gcúirteanna ceann de na Stáit thuasluaite maidir le héileamh mhuirí más más rud é go ndearnadh an long lena mbaineann an t-éileamh, nó aon long eile leis an duine sin, a ghabháil trí phróis dlí i gcríoch an Stáit is déanaí atá luaite chun an t-éileamh a urrú, nó go bhféadfaí í a ghabháil ann amhlaidh ach gur tugadh banno nó urrús eile, sna cásanna seo a leanas:

- (a) má tá sainchónaí sa Stát deireanach sin ar an éilitheoir; nó
- (b) más sa Stát deireanach sin a d'éirigh an t-éileamh; nó
- (c) má bhaineann an t-éileamh leis an aistear ar lena linn a rinneadh an ghabháil nó a d'fhéadfaí í a dhéanamh; nó
- (d) má thig an t-éileamh as imbhualladh nó as damáiste a rinne long do long eile nó d'earraí nó do dhaoine ar bord ceachtar long, trí chor inlíochta a dhéanamh nó gan é a dhéanamh nó trí neamhchomhlíonadh rialachán; nó
- (e) más éileamh ar tharrthálas atá ann; nó
- (f) más éileamh i leith mhorgáistiú na loinge a gabhadh nó i leith a curtha i ngeall atá ann.

2. Féadfaidh éilitheoir an long áirithe a mbaineann an t-éileamh mhuirí léi a ghabháil, nó aon long eile leis an duine arbh é úinéir na loinge áirithe é an tráth a d'éirigh an t-éileamh mhuirí. Ach i gcás na n-éileamh mhuirí atá leagtha amach in 5 (o), (p) nó (q) den

Airteagal seo, ní féidir a ghabháil ach an long áirithe a mbaineann an t-éileamh mhuirí léi.

- 3. Measfar longa a bheith san úinéireacht chéanna nuair is leis an duine nó na daoine céanna na scaireanna go léir iontu.
- 4. I gcás cairtfhostú loinge trína forléasadh, más é an cairtfhostóir amháin atá faoi dhliteanas i leith éilimh mhuirí a bhaineann leis an long sin, féadfaidh an t-éilitheoir an long sin nó aon long eile leis an gcairtfhostóir a ghabháil, ach ní fhéadfar aon long eile is leis an úinéir a ghabháil i leith an éilimh mhuirí sin. Is mar sin a bheidh freisin in aon chás ina mbeidh duine seachas úinéir loinge faoi dhliteanas i leith éilimh mhuirí a bhaineann leis an long sin.
- 5. Ciallaíonn an abairt 'éileamh mhuirí' éileamh a thig as ní nó nithe díobh seo a leanas:
 - (a) damáiste ar bith a raibh long ina cúis leis, trí imbhualladh nó ar dhóigh eile;
 - (b) bás duine nó díobháil do dhuine a raibh long ar bith ina cúis leis nó a tharla i ndáil le hoibriú loinge ar bith;
 - (c) tarrthálas;
 - (d) comhaontú maidir le húsáid nó le fruiliú loinge ar bith, cibé acu trí chonradh fostaithe nó ar dhóigh eile é;
 - (e) comhaontú maidir le hiompar earraí in aon long cibé acu trí chonradh fostaithe nó ar dhóigh eile é;
 - (f) cailleadh nó damástiú earraí, lena n-áirítear bagáiste, a bhí á n-iompar i long ar bith;
 - (g) caillroinnt ilpháirteach;
 - (h) longmhorgáiste;
 - (i) tuáil;
 - (j) píolótaíocht;
 - (k) earraí nó ábhair a soláthraíodh in áit ar bith do long chun í a oibriú nó a choimeád i dtreo;
 - (l) déanamh, deisiú nó trealmhú loinge ar bith nó táillí agus dleachtanna duga;
 - (m) pa máistrí, oifigeach nó foirne;
 - (n) eisíocaíochtaí máistir, lena n-áirítear eisíocaíochtaí a rinne seoladóirí, cairtfhostóirí nó gníomhairí thar ceann loinge nó thar ceann a húinéara;
 - (o) díospóid i dtaobh an teidil chun loinge ar bith nó i dtaobh a húinéireachta;
 - (p) díospóidí idir comhúinéirí loinge ar bith i dtaobh úinéireacht, sheilbh, úsáid nó thuilleamh na loinge sin;

⁽¹⁾ Cuireadh an tAirteagal seo isteach le hAirteagal 17 de Choinbhinsiún Aontachais 1989. Tá sé ag freagairt d'Airteagal 36 de Theideal V de Choinbhinsiún Aontachais 1978 a leathnaíodh go dtí an Phoblacht Heilléanach le hAirteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Aontachais 1982. Scríosadh an dá fhoráil sin le hAirteagal 28 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

(q) morgáistiú loinge ar bith nó a cur i ngeall.

6. Sa Danmhairg, measfar, maidir leis na héilimh mhuiri dá dtagraítear in 5 (o) agus (p) den Airteagal seo, go bhfolaíonn an focal ‘gabháil’ (*forbud*) i gcás inarb é sin an t-aon nós imeachta amháin a cheadaítear i leith éilimh den sórt sin faoi Airteagail 646 go 653 den Acht i dtaobh an nós imeachta shibhialta (*Lov om rettens pleje*).

TEIDEAL VII

GAOL LE COINBHINSIÚIN EILE

Airteagal 55

Faoi réir fhorálacha an dara mír d’Airteagal 54, agus Airteagal 56, gabhfaidh an Coinbhinsiún seo, i gcás na Stát is páirtithe ann, ionad na gCoinbhinsiún seo a leanas a tugadh i gcrích idir dhá cheann nó níos mó díobh:

- an Coinbhinsiún idir an Bheilg agus an Fhrainc ar dhlínse agus bailíocht agus forghníomhú breithiúnas, dámhachtaintí eadrána agus ionstraimí barántúla, a síníodh i bPáras ar an 8 Iúil 1899,
- an Coinbhinsiún idir an Bheilg agus an Ísiltír ar dhlínse, ar fhéimheacht, agus ar bhailíocht agus forghníomhú breithiúnas, dámhachtaintí eadrána agus ionstraimí barántúla, a síníodh sa Bhruiséil ar an 28 Márta 1925,
- an Coinbhinsiún idir an Fhrainc agus an Iodáil ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Róimh ar an 3 Meitheamh 1930,
- an Coinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na Fraince ag déanamh socrú d’fhorghníomhú cómhálartach breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, maille le Prótacal, a síníodh i bPáras ar an 18 Eanáir 1934 ⁽¹⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus Ríocht na Beilge ag déanamh socrú d’fhorghníomhú cómhálartach breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, maille le Prótacal, a síníodh sa Bhruiséil ar an 2 Bealtaine 1934 ⁽¹⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ghearmáin agus an Iodáil ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Róimh ar an 9 Márta 1936,
- an Coinbhinsiún idir Ríocht na Beilge agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú cómhálartach breithiúnas agus ionstraimí barántúla maidir le hoibleagáidí cothabhála, a síníodh i Vín an 25 Deireadh Fómhair 1957 ⁽²⁾,
- an Coinbhinsiún idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Ríocht na Beilge ar aithint agus forghníomhú breithiúnas, dámhachtaintí eadrána agus ionstraimí barántúla go frithpháirteach in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh in Bonn ar an 30 Meitheamh 1958,
- an Coinbhinsiún idir Ríocht na hÍsiltíre agus Poblacht na hIodáile ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Róimh ar an 17 Airbreán 1959,
- an Coinbhinsiún idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú cómhálartach breithiúnas, socráíochtaí agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín ar an 6 Meitheamh 1959 ⁽³⁾,
- an Coinbhinsiún idir Ríocht na Beilge agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú cómhálartach breithiúnas, dámhachtaintí eadrána agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín an 16 Meitheamh 1959 ⁽³⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine le haghaidh aithint agus forghníomhú breithiúnas go cómhálartach in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh in Bonn ar an 14 Iúil 1960 ⁽⁴⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus an Ostair le haghaidh aithint agus forghníomhú cómhálartach breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín an 14 Iúil 1961, maille le Prótacal leasaitheach a síníodh i Londain an 6 Márta 1970 ⁽⁵⁾,
- an Coinbhinsiún idir Ríocht na Gréige agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine le haghaidh aithint agus forghníomhú breithiúnas, socráíochtaí agus ionstraimí barántúla go cómhálartach in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh san Aithin ar an 4 Samhain 1961 ⁽⁵⁾,
- an Coinbhinsiún idir Ríocht na Beilge agus Poblacht na hIodáile ar aithint agus forghníomhú breithiúnas agus ionstraimí inforghníomhaithe eile in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Róimh ar an 6 Aibreán 1962,
- an Coinbhinsiún idir Ríocht na hÍsiltíre agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ar aithint agus forghníomhú breithiúnas agus ionstraimí inforghníomhaithe eile go frithpháirteach in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Háig ar an 30 Lúnasa 1962,
- an Coinbhinsiún idir Ríocht na hÍsiltíre agus an Ostair le haghaidh aithint agus forghníomhú cómhálartach breithiúnas agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Háig ar an 6 Feabhra 1963 ⁽³⁾,

⁽¹⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 24 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽²⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽³⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽⁴⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 24 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽⁵⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 8 de Choinbhinsiún Aontachais 1982.

- an Coinbhinsiún idir an Fhrainc agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithiúnas agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín ar an 15 Iúil 1996 ⁽¹⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus Ríocht na hÍsiltíre ag déanamh socrú d'aithint agus d'fhorghníomhú breithiúnas go cómhálartach in ábhair shibhialta, a síníodh sa Háig ar an 17 Samhain 1967 ⁽²⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Spáinn agus an Fhrainc ar aithint agus ar fhorghníomhú breithiúnas agus dámhachtaintí eadrána in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i bPáras ar an 28 Bealtaine 1969 ⁽³⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hIodáile le haghaidh aithint agus forghníomhú breithiúnas go cómhálartach in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Róimh ar an 7 Feabhra 1964, maille le Prótacal leasaitheach a síníodh sa Róimh ar an 14 Iúil 1970 ⁽²⁾,
- an Coinbhinsiún idir Lucsamburg agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithiúnas agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Lucsamburg an 29 Iúil 1971 ⁽¹⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Iodáil agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, socraíochtaí cúirte agus ionstraimí barántúla, a síníodh sa Róimh an 16 Samhain 1971 ⁽¹⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Spáinn agus an Iodáil ar chúnamh dlíthiúil agus ar aithint agus foghniomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Maidrid ar an 22 Bealtaine 1973 ⁽³⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Fhionlainn, an Íoslainn, an Iorua, an tSualainn agus an Danmhairg ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta, a síníodh i gCóbanhávan an 11 Deireadh Fómhair 1977 ⁽¹⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ostair agus an tSualainn ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta, a síníodh i Stócólm an 16 Meán Fómhair 1982 ⁽¹⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Spáinn agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ar aithint agus forghníomhú breithiúnas agus socraíochtaí cúirte agus ionstraimí barántúla infhorghníomhaithe in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh in Bonn ar an 14 Samhain 1983 ⁽³⁾,
- an Coinbhinsiún idir an Ostair agus an Spáinn ar aithint agus forghníomhú breithiúnas, socraíochtaí agus ionstraimí barántúla infhorghníomhaithe in

ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín an 17 Feabhra 1984 ⁽¹⁾,

- an Coinbhinsiún idir an Fhionlainn agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta, a síníodh i Vín an 17 Samhain 1986 ⁽⁴⁾,

agus, se mhéid go bhfuil sé i bhfeidhm,

- an Conradh idir an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg ar dhlínse, ar fhéimheacht, agus ar bhailíocht agus forghníomhú breithiúnas, dámhachtaintí eadrána agus ionstraimí barántúla, a síníodh sa Bhruiséil ar an 24 Samhain 1961.

Airteagal 56

Leanfaidh na Conarthaí agus na Coinbhinsiúin a luaitear in Airteagal 55 d'éifeacht a bheith acu maidir le hábhair nach mbaineann an Coinbhinsiún seo leo.

Leanfaidh siad d'éifeacht a bheith acu i leith breithiúnas a tugadh agus doiciméad a tarraingíodh suas go foirmiúil nó a cláraíodh mar ionstraimí barántúla roimh theacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo ⁽⁴⁾.

Airteagal 57

1. Ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo difear d'aon choinbhinsiúin a bhfuil nó a mbeidh na Stáit Chonarthaigh ina bpáirtithe iontu agus a rialaíonn, i ndáil le hábhair áirithe, dlínse nó aithint nó forghníomhú breithiúnas ⁽⁵⁾.

2. Chun a áirithiú go ndéanfar léiriú comhionann uirthi, cuirfear mír 1 chun feidhme mar a leanas:

- (a) Ní choiscfidh an Coinbhinsiún seo ar chúirt de chuid Stáit Chonarthaigh is páirtí i gcoinbhinsiún maidir le hábhar áirithe dlínse a ghlacadh de réir an choinbhinsiúin sin, fiú má bhíonn sainchónaí ar an gcosantóir i Stát Conarthach nach páirtí sa choinbhinsiún sin. Ar aon slí, cuirfidh an chúirt a éistfidh an chaingean Airteagal 20 den Choinbhinsiún seo chun feidhme.
- (b) Déanfar breithiúnais a thabharfaidh cúirt i Stát Conarthach i bhfeidhmiú dlínse dá bhforáiltear i

⁽¹⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽²⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 24 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽³⁾ Cuireadh an fhleasc seo isteach le hAirteagal 18 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽⁵⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (16).

⁽⁶⁾ Mír 1 mar atá arna leasú le Airteagal 25 (1) de Choinbhinsiún Aontachais 1978 agus le hAirteagal 19 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

gcoinbhinsiún maidir le hábhar áirithe a aithint agus a fhorghníomhú sna Stáit Chonarthacha eile de réir an Choinbhinsiúin seo.

Nuair a dhéanann coinbhinsiún maidir le hábhar áirithe inar páirtithe an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarraitas araon coinníollacha a leagan síos le haghaidh breithiúnais a aithint nó a fhorghníomhú, beidh fiedhm ag na coinníollacha sin. Ar aon slí, féadfar forálacha an Choinbhinsiúin seo a bhaineann leis na nósanna imeachta le haghaidh breithiúnais a aithint agus a fhorghníomhú a chur chun feidhme ⁽¹⁾.

3. Ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo difear d'feidhmiú forálacha a rialaíonn, maidir le hábhair áirithe, dlínse nó aithint nó forghníomhú breithiúnas agus atá nó a bheidh leagtha síos in ionstraimí na gComhphobal Eorpach nó i reachtaíocht náisiúnta arna comhchuihbhiú de dhroim na n-ionstraimí sin ⁽²⁾.

Airteagal 58 ⁽³⁾

Go dtí go dtiocfaidh an Coinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a síníodh in Lugano ar an 16 Meán Fómhair 1988 i bhfeidhm i leith na Fraince agus na Cónaidhme Eilvéisí, ní dhéanfaidh forálacha an Choinbhinsiúin seo difear do na cearta a deonaíodh do náisiúnaigh Eilvéiseacha leis an gCoinbhinsiún idir an Fhrainc agus an Chónaidhm Eilvéiseach ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta, a síníodh i bPáras ar an 15 Meitheamh 1869.

Airteagal 59

Ní choiscfidh an Coinbhinsiún seo ar Stát Conarthach a ghabháil d'oibleagáid air féin i leith tríú Stát, i gcoinbhinsiún um aithint agus forghníomhú breithiúnas, gan breithiúnais a aithint a tugadh i Stáit Chonarthacha eile i gcoinne cosantóirí a raibh sainchónaí nó gnáthchónaí orthu sa tríú Stát más rud é, i gcásanna dá bhforáiltear in Airteagal 4, nárbh fhéidir an breithiúnas a bhunú ach amháin ar fhoras dlínse a shonraítear sa dara mír d'Airteagal 3.

⁽¹⁾ Cuireadh mír 2 isteach le hAirteagal 19 de Choinbhinsiún Aontachais 1989. Tá sé ag freagairt d'Airteagal 25 (2) de Choinbhinsiún Aontachais 1978 a leathnaíodh go dtí an Phoblacht Heilléanach le hAirteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Aontachais 1982. Scríosadh an dá fhoráil sin le hAirteagal 28 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽²⁾ Mír a cuireadh isteach le hAirteagal 25 (1) de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽³⁾ Téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 20 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

Ní fhéadfaidh Stát Conarthach, áfach, é a ghabháil d'oibleagáid air féin i leith tríú Stát gan breithiúnas a aithint a bheidh tugtha i Stát Conarthach eile ag cúirt ar bunaíodh a dlínse ar mhaoín leis an gcosantóir a bheith sa Stát sin, nó ar urghabháil ag an ngearánaí ar mhaoín atá sa Stát sin, más rud é:

1. gur tionscnaíodh an chaingean chun cearta dílseánaigh nó cearta seilbhe ar an maoín sin a fhógairt nó a dhearbhu nó chun údarás a fháil i a dhiúscairt, nó gur as saincheist eile a bhaineann leis an maoín sin a thig an chaingean; nó
2. gurb í an mhaoín sin an t-urrús i leith fiach is ábhar don chaingean ⁽⁴⁾.

TEIDEAL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 60

... ⁽⁵⁾

Airteagal 61 ⁽⁶⁾

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach.

⁽⁴⁾ Cuireadh an dara mír isteach le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽⁵⁾ Rinneadh Airteagal 60, arna leasú le hAirteagal 27 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, a scríosadh le hAirteagal 21 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽⁶⁾ Ba iad Airteagal 38 de Choinbhinsiún Aontachais 1978 agus Airteagal 14 de Choinbhinsiún Aontachais 1982 a rialaigh daingniúchán na gCoinbhinsiún sin faoi seach. Tá daingniúchán Choinbhinsiún Aontachais 1989 arna rialú le hAirteagal 31 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 31

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach.'

Tá daingniúchán Choinbhinsiún Aontachais 1996 arna rialú le hAirteagal 15 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 15

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.'

Airteagal 62 ⁽¹⁾

Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin.

Airteagal 63

Aithníonn na Stáit Chonarthacha go ndlífidh aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa glacadh leis an gChoinbhinsiún seo mar bhonn do na caibidlí is gá idir na Stáit Chonarthacha agus an Stát sin chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an fhomhír dheireanach d'Airteagal 220 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Is féidir na hoiriúnuithe is gá a bheith ina n-ábhar do choinbhinsiún speisialta idir na Stáit Chonarthacha de pháirt agus an Ballstát nua den pháirt eile.

Airteagal 64 ⁽²⁾

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach in iúl do na Stáit a shíneoidh an Coinbhinsiún seo:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;

- (b) dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm;

- (c) ...⁽³⁾;

- (d) aon dearbhú a fuarthas de bhun Airteagal IV den Phrótacal;

- (e) aon téacsanna a fuarthas de bhun Airteagal VI den Phrótacal;

Airteagal 65

Is cuid dhílis den Choinbhinsiún seo an Prótacal atá curtha i gceangal leis de chomhthoil na Stát Conarthach.

Airteagal 66

Tá an Coinbhinsiún seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

Airteagal 67

Féadfaidh Stát Conarthach ar bith athbhreithniú ar an gChoinbhinsiún seo a iarraidh. Sa chás sin, comórfaidh Uachtarán Chomhairle na gComhphobal Eorpach comhdháil lena athbhreithniú.

Airteagal 68 ⁽⁴⁾

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san

⁽¹⁾ Ba iad Airteagal 39 de Choinbhinsiún Aontachais 1978 agus Airteagal 15 de Choinbhinsiún Aontachais 1982 a rialaigh teacht i bhfeidhm na gChoinbhinsiúin sin faoi seach. Tá teacht i bhfeidhm Choinbhinsiúin Aontachais 1989 arna rialú le hAirteagal 32 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 32

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis an dáta a dhéanfaidh dhá Stát shínteacha, ar ceann díobh Ríocht na Spáinne nó Poblacht na Portaingéile, a n-ionstraimí daingniúcháin a thaisceadh.
2. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo in éifeacht do gach Stát sínitheach eile ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.'

Tá teacht i bhfeidhm Choinbhinsiúin Aontachais 1996 arna rialú le hAirteagal 16 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 16

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis an dáta a dhéanfaidh dhá Stát shínteacha, ar ceann díobh Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne nó Ríocht na Sualainne, a n-ionstraimí daingniúcháin a thaisceadh.
2. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo in éifeacht do gach Stát sínitheach eile ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.'

⁽²⁾ Tá fógraí i dtaobh Choinbhinsiúin Aontachais 1978 agus 1982 arna rialú le hAirteagal 40 agus Airteagal 16 de na Coinbhinsiúin sin faoi seach.

Tá fógraí i dtaobh Choinbhinsiúin Aontachais 1989 arna rialú le hAirteagal 33 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 33

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach in iúl do Stáit shínteacha an Choinbhinsiúin seo:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;
- (b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm do na Stáit Chonarthacha.'

Tá fógraí i dtaobh Choinbhinsiúin Aontachais 1996 arna rialú le hAirteagal 17 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 17

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh in iúl do na Stáit shínteacha:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;
- (b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm i leith na Stát Conarthach.'

⁽³⁾ Sciosadh pointe (c), arna leasú le hAirteagal 28 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 22 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽⁴⁾ Is iad seo a leanas na forálacha a shonraíonn téacsanna údarásacha na gChoinbhinsiúin Aontachais:

- i gcás Choinbhinsiúin Aontachais 1978, Airteagal 41 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 41

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus

Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na ceithre théacs; taiscfear é i gcartlann Rúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.⁽¹⁾

san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na seacht dtéacs; taiscfear é i gcartlann Rúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.’

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1982, Airteagal 17 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

‘Airteagal 17

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na hocht dtéacs; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.’

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1989, Airteagal 34 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

‘Airteagal 34

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis agus comhúdarás ag gach ceann de na deich dtéacs; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.’

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1996, Airteagal 18 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

‘Airteagal 18

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag gach ceann den dá théacs déag; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de na Stáit shínitheacha.’

- (¹) Ta údarás téacsanna Choinbhinsiún 1968 i dteangacha oifigiúla na mBallstát aontachais bunaithe:

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1978, ar Airteagal 37 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

‘Airteagal 37

Déanfaidh Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún 1968 agus de Phrótacal 1971 sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis a chur chuig Rialtais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Déanfar téacsanna Choinbhinsiún 1968 agus Phrótacal 1971, arna dtarraingt suas sa Bhéarla, sa Danmhairgis agus sa Ghaeilge, a chur i gceangal leis an gCoinbhinsiún seo. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna bunaidh Choinbhinsiún 1968 agus Phrótacal 1971 na téacsanna arna dtarraingt suas sa Bhéarla, sa Danmhairgis agus sa Ghaeilge.’

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1982, Airteagal 13 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

‘Airteagal 13

Déanfaidh Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún 1968, de Phrótacal 1971 agus de Choinbhinsiún 1978 sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis a chur chuig Rialtas na Poblachta Heilleanaí.

Déanfar téacsanna Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971 agus Choinbhinsiún 1978, arna dtarraingt suas sa Ghréigis, a chur i gceangal leis an gCoinbhinsiún seo. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna eile Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971 agus Choinbhinsiún 1978 na téacsanna arna dtarraingt suas sa Chréigis.’

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1989, Airteagal 30 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

‘Airteagal 30

1. Déanfaidh Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún 1968, de Phrótacal 1971, de Choinbhinsiún 1978 agus de Choinbhinsiún 1982 sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis agus san Ollainnis a chur chuig Rialtais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile.

2. Gheofar téacsanna Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971, Choinbhinsiún 1978 agus Choinbhinsiún 1982, arna dtarraingt suas sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis, in Iarscríbhinní II, III, IV agus V den Choinbhinsiún seo. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna eile Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971, Choinbhinsiún 1978 agus Choinbhinsiún 1982 na téacsanna arna dtarraingt suas sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis.’

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1996, Airteagal 14 den Choinbhinsiún sin, arb é seo a leanas a théacs:

‘Airteagal 14

1. Déanfaidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún 1968, de Phrótacal 1971, de Choinbhinsiún 1978, de Choinbhinsiún 1982 agus de Choinbhinsiún 1989 sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis a chur chuig Rialtais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

2. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna eile Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971, Choinbhinsiún 1978, Choinbhinsiún 1982 agus Choinbhinsiún 1989 téacsanna Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971, Choinbhinsiún 1978, Choinbhinsiún 1982 agus Choinbhinsiún 1989 arna dtarraingt suas san Fhionlainnis agus sa tSualainnis.’

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínte a lámh leis an gCoinbhinsiún seo.

[Sínte na Lánchumhachtach a ceapadh] ⁽¹⁾

⁽¹⁾ Rinne Lánchumhachtaigh na mBallstát faoi seach Coinbhinsiúin 1978, 1982 agus 1989 a shíniú. Gabhann an téacs seo a leanas le síniú Choinbhinsiún Aontachais 1989 ag Lánchumhachtach Ríocht na Danmhairge:
‘Gan dochar don cheart chun forchoimeádas críche a dhéanamh, tráth an daingnithe, maidir le hOileáin Fharó agus leis an nGraonlainn, cé go bhféadfaí raon an Choinbhinsiúin a leathnú go dtí an dá chríoch sin níos déanaí.’

PRÓTACAL ⁽¹⁾

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gCoinbhinsiún:

Airteagal I

Aon duine ina shainchónaí i Lucsamburg a agrófar i gcúirt Stáit Chonarthach eile de bhun Airteagal 5 (1), féadfaidh sé diúltú géilleadh do dhlínse na cúirte sin. Mura dtaifeadfaidh an cosantóir láithreas, dearbhóidh an chúirt, uaithi féin, nach bhfuil dlínse aici.

Beidh comhaontú chun dlínse a thabhairt, de réir bhrí Airteagal 17, gan bhailíocht i leith duine a bhfuil sainchónaí air i Lucsamburg murar aontaigh an duine sin leis go sainráite agus go speisialta.

Airteagal II

Gan dochar d'aon fhorálacha níos fabhraí i ndlíthe náisiúnta, má bhíonn daoine a bhfuil sainchónaí orthu i Stát Conarthach á n-ionchúiseamh mar gheall ar chion neamhthoilíúil i gcúirteanna coiriúla Stáit Chonarthach eile nach náisiúnaigh dá chuid iad, féadfaidh daoine atá cáilithe chuige sin feidhmiú ar a son lena gcosaint, fiú gan iad a bheith i láthair go pearsanta.

Ach féadfaidh an chúirt ar tugadh an t-ábhar os a comhair a ordú do dhuine láithriú go pearsanta; mura ndearnadh láithriú, níl sé riachtanach aithint a thabhairt ná forghníomhú a dhéanamh sna Stáit Chonarthacha eile ar bhreithiúnas a tugadh sa chaingean shibhialta gan caoi a bheith ag an duine a cúisíodh socrú a dhéanamh chun é féin a chosaint.

Airteagal III

In imeachtaí chun ordú forghníomhaithe a eisiúint, ní dhéanfar muirear, dleacht ná cáin ar bith, arna ríomh de réir luach an ábhair i saincheist, a thobhach sa Stát a n-iarrtar an forghníomhú ann.

Airteagal IV

Doiciméid dhlíthiúla nó sheachdhlíthiúla a tarraingíodh suas i Stát Conarthach amháin agus a dhlífear a sheirbheáil ar dhaoine i Stát Conarthach eile, tarchuirfear iad de réir an nós imeachta dá bhforáiltear sna coinbhinsiúin agus sna comhaontuithe a cuireadh i gcrích idir na Stáit Chonarthacha.

⁽¹⁾ An téacs mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1978, le Coinbhinsiún Aontachais 1982 agus le Coinbhinsiún Aontachais 1989.

Mura ndéanfaidh an Stát a bhfuil siad le seirbheáil ann agóid ina choinne sin trí dhearbhu d'Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach, is féidir freisin d'oifigigh phoiblí iomchuí an Stáit inar tarraingíodh suas an doiciméad é a chur go díreach chuig oifigigh phoiblí iomchuí an Stáit ina bhfuil seolaí an doiciméid le fáil. Sa chás sin, déanfaidh oifigeach an Stáit tionscnaimh cóip den doiciméad a chur chuig an oifigeach de chuid an Stáit chun a ndéantar an t-iarratas a bhfuil údarás aige í a chur ar aghaidh chuig an seolaí. Cuirfear an doiciméad ar aghaidh ar an modh a shonraítear le dlí an Stáit chun a ndéantar an t-iarratas. Dearbhófar go ndearnadh amhlaidh i ndeimhniú a chuirfear go díreach go dtí oifigeach an Stáit tionscnaimh ⁽²⁾.

Airteagal V ⁽³⁾

I bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus i bPoblacht na hOstaire, ní féidir feidhm a bhaint as an dlínse a shonraítear in Airteagal 6 (2) agus 10 i gcaingne ar bharántas nó ar ráthaíocht nó in aon imeachtaí eile tríú páirtí. Féadfar aon duine a bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach eile a agairt i gcúirteanna:

- Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, de bhun Airteagal 68, 72 agus 74 de chód an nós imeachta shibhialta (*Zivilprozessordnung*) maidir le fógraí tríú páirtí,
- Phoblacht na hOstaire, de bhun Airteagal 21 de chód an nós imeachta shibhialta (*Zivilprozessordnung*) maidir le fógraí tríú páirtí.

Déanfar breithiúnais a tugadh sna Stáit Chonarthacha eile de bhua Airteagal 6 (2), nó Airteagal 10 a aithint agus a fhorghníomhú i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus i bPoblacht na hOstaire, de réir Theideal III. Aithneofar mar an gcéanna sna Stáit Chonarthacha eile aon éifeachtaí a bheadh ag breithiúnais a tugadh sna Stáit sin ar thríú páirtithe, de bhun na forálacha atá luaite sa mhír sin roimhe seo a chur i bhfeidhm.

Airteagal Va ⁽⁴⁾

In ábhair a bhaineann le cothabháil, folaíonn an focal 'breitheamh', 'cúirt' agus 'dlínse' údaráis riaracháin na Danmhairge.

Sa tSualainn, in imeachtaí achoimre maidir le horduithe íocaíochta (*betalningsföreläggande*) agus cúiteamh (*handräkning*), folaíonn an focal 'cúirt' seirbhís forghníomhaithe na Sualainne (*kronofogdemyndighet*).

⁽²⁾ Téacs na míre seo mar atá arna leasú le Choinbhinsiún Aontachais 1989, Iarscríbhinn I, (f) (18).

⁽³⁾ Airteagal arna leasú le hAirteagal 8 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽⁴⁾ Cuireadh an tAirteagal seo isteach le hAirteagal 29 de Choinbhinsiún Aontachais 1978 agus leasaíodh é le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

Airteagal Vb ⁽¹⁾

In imeachtaí a bhaineann le díospóid idir máistir loinge farraige atá cláraithe sa Danmhairg, sa Ghréig, in Éirinn nó sa Phortaingéil, agus duine dá fhoireann, maidir le luach saothair nó le coinníollacha eile seirbhíse, cinnteoidh cúirt i Stát Conarthach cé acu a cuireadh nó nár cuireadh an díospóid i bhfios don oifigeach taidhleoireachta nó consalach ar a bhfuil cúram na loinge. Cuirfidh sí bac ar na himeachtaí fad a bheidh an díospóid gan cur i bhfios don oifigeach. Déanfaidh sí, uaithi féin, dlínse a dhiúltú más rud é, arna cur i bhfios go cuí don oifigeach, gur fheidhmigh sé na cumhachtaí a tugadh dó san ábhar le coinbhinsiún consalach nó, in éagmais coinbhinsiúin den sórt sin, go ndearna sé, laistigh den tréimhse cheaptha, aon agóid in aghaidh fheidhmiú na dlínse sin.

Airteagal Vc ⁽²⁾

Nuair a dhéanfar faoi chuimsiú Airteagal 69 (5) den Choinbhinsiún maidir leis an bPaitinn Eorpach don chómhargadh, a síníodh i Lucsamburg ar an 15 Nollaig 1975, Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún seo a chur chun feidhme ar na forálacha a bhaineann le *residence* i dtéacs Béarla an chéad Choinbhinsiúin sin, is tuigte tagairt do *residence* sa téacs sin a bheith ina tagairt do shainchónaí in Airteagail 52 agus 53 thuasluaite.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an seachtú lá is fiche de Mhéan Fómhair sa bhliain míle naoi gcéad seasca a hocht.

[*Sínithe na Lánchumhachtach arna gceapadh*]

Airteagal Vd ⁽²⁾

Gan dochar do dhlínse Oifig na bPaitinní Eorpacha faoin gCoinbhinsiún chun paitinní Eorpacha a dheonú a síníodh in München ar an 5 Deireadh Fómhair 1973, beidh dlínse eisiach ag cúirteanna gach Stáit Chonarthach, ar neamhchead do shainchónaí, in imeachtaí a bhaineann le clárú nó bailíocht aon phaitinne Eorpaí a deonaíodh le haghaidh an Stáit sin nach paitinn Chomhphobail de bhua fhorálacha Airteagal 86 den Choinbhinsiún maidir leis an bPaitinn Eorpach don chómhargadh, a síníodh i Lucsamburg ar an 15 Nollaig 1975.

Airteagal Ve ⁽³⁾

Measfar freisin gur ionstraimí barántúla de réir bhrí Airteagal 50 (1) den Choinbhinsiún coinbhinsiúin maidir le hoibleagáidí cothabhála arna dtabhairt i gcrích os comhair na n-údarás riaracháin nó arna bhfiordheimhniú acu.

Airteagal VI

Cuirfidh na Stáit Chonarthacha in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach téacsanna aon fhorálacha ina ndlíthe a dhéanann leasú ar na forálacha sin dá ndlíthe a luaitear sa Choinbhinsiún nó ar liosta na gcúirteanna a shonraítear i Roinn 2 de Theideal III den Choinbhinsiún.

⁽¹⁾ Cuireadh an tAirteagal seo isteach le hAirteagal 29 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, agus leasáíodh é le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Aontachais 1982 agus le hAirteagal 23 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽²⁾ Cuireadh an tAirteagal seo isteach le hAirteagal 29 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

⁽³⁾ Cuireadh an tAirteagal seo isteach le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Tráth sínithe an Choinbhinsiúin ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála,

Ós mian leo a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme chomh héifeachtach agus is féidir,

Ós é a miangas nach mbeadh difríochtaí léiriúcháin ag baint óna éifeacht aontach,

Á aithint dóibh go bhféadfadh éileamh ar dhlínse agus séanadh ar dhlínse teacht i gceist i bhfeidhmiú an Choinbhinsiúin,

Ag dearbhú a bhfonnmhaireachta:

1. chun staidéar a dhéanamh ar na ceisteanna sin agus go háirithe chun féachaint arbh fhéidir dlínse in ábhair áirithe a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus, más gá, chun comhaontú dá réir sin a chur i gcrích;
2. chun cruinnithe idir a n-ionadaithe a thionól go tráthrialta.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an Dearbhú Comhpháirteach seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an seachtú lá is fiche de Mhéan Fómhair sa bhliain míle naoi gcéad seasca a hocht.

[Sínithe na Lánchumbachtach]

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

ÓS FEASACH DÓIBH an buntáiste a luíonn le forálacha a bheith ann maidir le dlínse i gcás oibrithe a bheith postaithe, faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, i Stát Conarthach seachas an Stát ina n-oibríonn siad de ghnáth,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur ghlac an Chomhairle ar an 3 Meitheamh 1996 comhsheasamh ar an togra leasaithe do Threoir maidir le postú oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar atá faoi scrúdú i láthair na huaire ag Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú an nós imeachta atá luaite in Airteagal 189b den Chonradh, tráth ullmhúcháin an dréachtchoinbhinsiúin,

AG GABHÁIL ORTHU FÉIN a scrúdú a fhóirsteanaí a bheadh aon mhodhnuithe ar Choinbhinsiúin na Bruiséile agus Lugano ar mhaithe le cosaint oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar tar éis don Chomhairle an Treoir a ghlacadh maidir le postú oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar.

PRÓTACAL

ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ⁽¹⁾

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA SA CHONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA,

Ag féachaint dóibh don Dearbhú atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Bhruiséil ar an 27 Meán Fómhair 1968,

Tar éis cinneadh ar Phrótacal a chur i gcrích chun dlínse a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach an Coinbhinsiún sin a léiriú agus chuige sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

[Liosta de na Lánchumhachtaigh arna gceapadh ag na Ballstáit]

NOCH A RINNE, i dtionól na Comhairle, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialú a thabhairt i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus an Phrótacail atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún sin, a síníodh sa Bhruiséil ar an 27 Meán Fómhair 1968, agus fós i dtaobh léiriú an Phrótacail seo.

Beidh dlínse freisin ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialú a thabhairt i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann do Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 agus don Phrótacal seo ⁽²⁾.

Beidh dlínse freisin ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialú a thabhairt i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin ar aontú na Poblachta Heilléanaí

do Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 agus don Phrótacal seo, arna n-oiriúnú le Coinbhinsiún 1978 ⁽³⁾.

Beidh dlínse freisin ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialú a thabhairt i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile do Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 agus don Phrótacal seo, arna n-oiriúnú le Coinbhinsiún 1978 agus Coinbhinsiún 1982 ⁽⁴⁾.

Beidh dlínse freisin ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialú a thabhairt i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne do Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 agus don Phrótacal seo, mar atá arna n-oiriúnú le Coinbhinsiún 1978, 1982 agus 1989 ⁽⁵⁾.

Airteagal 2

Féadfaidh na cúirteanna seo a leanas a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt ar cheisteanna léiriúcháin:

1. — sa Bheilg: *la Cour de Cassation — het Hof van Cassatie* agus *le Conseil d'État — de Raad van State*,

⁽³⁾ Cuireadh isteach an tríú mír le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún Aontachais 1982.

⁽⁴⁾ Cuireadh isteach an ceathrú mír le hAirteagal 24 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽⁵⁾ Cuireadh isteach an cúigiú mír le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽¹⁾ An téacs mar atá arna leasú le Coinbhinsiún an 9 Deireadh Fómhair 1978 ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann — dá ngairtear 'Coinbhinsiún Aontachais 1978' anseo feasta — le Coinbhinsiún an 25 Deireadh Fómhair 1982 ar aontú na Poblachta Heilléanaí — dá ngairtear 'Coinbhinsiún Aontachais 1982' anseo feasta — agus le Coinbhinsiún an 26 Bealtaine 1989 ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile — dá ngairtear 'Coinbhinsiún Aontachais 1989' anseo feasta — agus le Coinbhinsiún an 29 Samhain 1996 ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, dá ngairtear 'Coinbhinsiún Aontachais 1996' anseo feasta.

⁽²⁾ Cuireadh isteach an dara mír le hAirteagal 30 de Choinbhinsiún Aontachais 1978.

- sa Danmhairg: *højesteret*,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine: *die obersten Gerichtshöfe des Bundes*,
- sa Ghréig: *τα ανώτατα Δικαστήρια*,
- sa Spáinn: *el Tribunal Supremo*,
- sa Fhrainc: *la Cour de Cassation* agus *le Conseil d'État*,
- in Éirinn: an Chúirt Uachtarach,
- san Iodáil: *la Corte suprema de cassazione*,
- i Lucsamburg: *la Cour supérieure de justice* ina suí di mar *Cour de Cassation*,
- san Ostair: an *Oberste Gerichtshof*, an *Verwaltungsgerichtshof* agus an *Verfassungsgerichtshof*,
- san Ísiltír: *de Hoge Raad*,
- sa Phortaingéil: *o Supremo Tribunal de justiça* agus *o Supremo Tribunal Administrativo*,
- san Fhionlainn: *korkein oikeus/högsta domstolen* agus *korkein hallinto-oikeus/högsta förvaltningsdomstolen*,
- sa tSualainn: *Högsta domstolen*, *Regeringsrätten*, *Arbetsdomstolen* agus *Marknadsdomstolen*,
- sa Ríocht Aontaithe: an *House of Lords* agus cúirteanna a ndearnadh iarratas chucu faoin dara mír d'Airteagal 37 nó faoi Airteagal 41 den Choinbhinsiún ⁽¹⁾;

2. cúirteanna na Stát Conarthach ina suí dóibh i gcáil achomharcach;
3. sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 37 den Choinbhinsiún, na cúirteanna a luaitear san Airteagal sin.

Airteagal 3

1. Nuair a dhéanfar ceist i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin nó ionstraime eile a luaitear in Airteagal 1 a tharraingt anuas i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cúirte dá dtagraítear in Airteagal 2 (1), iarrfaidh an chúirt sin ar an gCúirt Bhreithiúnais, ma mheasann sí gur gá breith ar an gceist ionas go bhféadfaidh sí breithiúnas a thabhairt, rialú a thabhairt ar an gceist sin.
2. Má tharraingítear ceist mar sin anuas os comhair aon chúirte dá dtagraítear in Airteagal 2 (2) nó (3), féadfaidh an chúirt sin, ar na coinníollacha atá leagtha

síos i mír 1, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt uirthi.

Airteagal 4

1. Féadfaidh údarás inniúil Stáit Chonarthaig a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar cheist i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin nó i dtaobh léiriú ceann de na hionstraimí eile a luaitear in Airteagal 1 má bhíonn breithiúnas ó chúirteanna sa Stát sin ar neamhréir les an léiriú a thug an Chúirt Bhreithiúnais nó a tugadh i mbreithiúnas ó chúirt de chuid Stáit Chonarthaigh eile a luaitear in Airteagal 2 (1) nó (2). Ní bhainfidh forálacha na míre seo ach le breithiúnas a bhfuil éifeacht *res judicata* leo.

2. Ní dhéanfaidh an léiriú a dhéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais de bhun iarratais den sórt sin difear do na breithiúnais be bhun leis an léiriú sin a iarradh.

3. Beidh Ionchúisitheoirí Ginearálta na gCúirteanna Uachtaracha Achomhairc sna Stáit Chonarthaigh, nó údarás ar bith eile a bheidh ainmnithe chuige sin ag Stát Conarthach, i dteideal rialú ar an léiriú a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais de réir mhír 1.

4. Tabharfaidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais fógra faoin iarratas do na Stáit Chonarthaigh, don Choimisiún agus do Chomhairle na gComhphobal Eorpach; beidh siadsan i dteideal ansin, laistigh de dhá mhí tar éis an fógra a fháil, sonruithe cáis nó tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

5. Ní fhéadfar aon táill a thobhach ná aon chostais nó caiteachas a dhámhachtain i leith na n-imeachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo.

Airteagal 5

1. Na forálacha sin den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus na cinn sin den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais atá i gceangal leis, is infheidhme nuair a iarrtar ar an gCúirt réamhrialú a thabhairt, beidh feidhm acu mar an gcéanna, ach amháin mura bhforáiltear a mhalairt leis an bPrótacal seo, ar an nós imeachta maidir le léiriú an Choinbhinsiúin agus na n-ionstraimí eile a luaitear in Airteagal 1.

2. Déanfar, más gá, Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais a oiriúnú agus a chomhlánú de réir Airteagal 188 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Airteagal 6

... ⁽²⁾

⁽¹⁾ Pointe 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 31 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Aontachais 1982, le hAirteagal 25 de Choinbhinsiún Aontachais 1989 agus le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún Aontachais 1996.

⁽²⁾ Scricsadh Airteagal 6, arna leasú le hAirteagal 32 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

Airteagal 7 ⁽¹⁾

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an bPrótacal seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach.

Airteagal 8 ⁽²⁾

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin; ach ní thiocfaidh sé i bhfeidhm tráth is luaithe ná teacht i bhfeidhm Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála.

Airteagal 9

Aithníonn na Stáit Chonarthacha go ndlífidh gach Stát a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus a mbainfidh Airteagal 63 den Choinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála leis, glacadh le forálacha an Phrótacail seo, faoi réir cibé oríunuithe is gá.

Airteagal 10 ⁽³⁾

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach in iúl do na Stát a shíneoidh an Prótacal seo:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;

- (b) dáta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm;

- (c) aon dearbhú a fuarthas de bhun Airteagal 4 (3);

- (d) ...⁽⁴⁾.

Airteagal 11

Cuirfidh na Stáit Chonarthacha in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach téacsanna aon fhorálacha ina ndlíthe a bheireann gur gá liosta na gcúirteanna in Airteagal 2 (1) a leasú.

Airteagal 12

Tá an Prótacal seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

Airteagal 13

Féadfaidh Stát Conarthach ar bith athbhreithniú ar an bPrótacal seo a iarraidh. Sa chás sin, comórfaidh Uachtarán Chomhairle na gComhphobal Eorpach comhdháil lena athbhreithniú.

Airteagal 14 ⁽⁵⁾

Tarraingíodh an Prótacal seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na ceithre téacs; taiscfear é i gcartlann Rúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe ⁽⁶⁾.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh í Lucsamburg, an tríú lá de Mheithimh sa bhliain míle naoi gcéad seachtó a haon.

[Sínithe na Lánchumhachtach]

⁽¹⁾ Feic fonóta 6, leathanach 20.

⁽²⁾ Feic fonóta 1, leathanach 21.

⁽³⁾ Feic fonóta 2, leathanach 21.

⁽⁴⁾ Scriosadh pointe (d), arna leasú le hAirteagal 33 de Choinbhinsiún Aontachais 1978, le hAirteagal 27 de Choinbhinsiún Aontachais 1989.

⁽⁵⁾ Feic fonóta 4, leathanach 21.

⁽⁶⁾ Feic fonóta 1, leathanach 22.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

Tá rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Tráth sínithe an Phrótacail ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála;

Ós mian leo a áirithiú go gcuirfear forálacha an Phrótacail sin chun feidhme chomh héifeachtach agus leis an oiread comhionannais agus is féidir;

Ag dearbhú a bhfonnmhaireachta chun eagrú a thabhairt, i gcomhar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ar mhalartú faisnéise i dtaobh na mbreithiúnas a bhéarfaidh na cúirteanna a luaitear in Airteagal 2 (1) den Phrotacal sin i bhfeidhmiú Choinbhinsiún agus Phrótacal an 27 Meán Fómhair 1968.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an Dearbhú Comhpháirteach seo.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an tríú lá de Mheithimh sa bhliain míle naoi gcéad seachtó a haon.

[Sínithe na Lánchumhachtach]

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

an 9 Deireadh Fómhair 1978

TÁ NA hIONADAITHE Ó RIALTAIS NA mBALLSTÁT DE CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA, I dTIONÓL NA COMHAIRLE,

Ós mian leo a áirithiú go ndéanfaí, faoi mheanma Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968, comhionannas dlínse a chur i gcrích freisin chomh forleathan agus is féidir in ábhair mhuirí,

De bhrí go bhfuil forálacha i dtaobh dlínse den chineál sin sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le longa farraige a ghabháil, a síníodh sa Bhruiséil ar an 10 Bealtaine 1952,

De bhrí nach bhfuil na Ballstáit go léir ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún sin,

Á thabhairt le fios gur mhaith leo na Ballstáit ar stáit chóstacha iad nach bhfuil ina bpáirtithe cheana féin i gCoinbhinsiún an 10 Bealtaine 1952 a theacht chun bheith ina bpáirtithe ann a luaite is féidir.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an naoú lá de Dheireadh Fómhair sa bhliain míle naoi gcéad seachtó a hocht.

[Sínithe na Lánchumbachtach]

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

an 26 Bealtaine 1989

maidir le daingniú an Choinbhinsiúin ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile do Choinbhinsiún 1968 na Buiséile

Tráth sínithe an Choinbhinsiúin ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile do Choinbhinsiún 1968 na Buiséile, in Donostia, San Sebastián ar an 26 Bealtaine 1989,

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT NA gCOMHPHOBAL EORPACH, I dTIONÓL NA COMHAIRLE,

ÓS É A MIANGAS go ndéanfaí feidhmiú Choinbhinsiún na Buiséile agus Phrótacal 1971 a leathnú go dtí an Comhphobal uile gan mhoill, go háirithe i ndáil le cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh,

ÓS CÚIS SÁSAIMH DÓIBH gur cuireadh i gcrích, ar an 16 Meán Fómhair 1988, Coinbhinsiún Lugano a leathnaíonn prionsabail Choinbhinsiún na Buiséile go dtí na Stáit a bheidh ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Lugano, arb é is príomhaidhm dó caidreamh idir Ballstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) agus Ballstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSE) a rialú maidir le cosaint dhlíthiúil daoine atá bunaithe sna Stáit sin go léir agus le simpliú na bhfoirmiúlachtaí a bhaineann le breithiúnais a aithint agus a fhorghníomhú go frithpháirteach,

DE BHRÍ gurb é Airteagal 220 de Chonradh na Róimhe is bonn dlíthiúil le Coinbhinsiún na Buiséile agus gurb í Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach a dhéanann léiriú ar an gCoinbhinsiún sin,

ÓS FEASACH DÓIBH nach ndéanann Coinbhinsiún Lugano difear d'fheidhmiú Choinbhinsiún na Buiséile maidir leis an gcaidreamh idir Ballstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ó nach foláir an caidreamh sin a rialú le Coinbhinsiún na Buiséile,

AGUS IAD Á THABHAIRT DÁ nAIRE go dtiocfaidh Coinbhinsiún Lugano i bhfeidhm i ndiaidh thaisceadh a n-ionstraimí daingniúcháin ag dhá Stát, ar Ballstát de na Comhphobail Eorpacha ceann amháin díobh agus Ballstát de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa an ceann eile,

AG DEARBJÚ A bhFONNMHAIREACHTA gach beart is iomchuí a dhéanamh le súil go gcríochnófar a luaithe agus is féidir é, agus tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 1992 más indéanta sin, na nósanna imeachta náisiúnta chun an Coinbhinsiún ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile do Choinbhinsiún na Buiséile, arna shíniú inniu, a dhaingniú.

Dá fhianú sin, chuir na daoine thíos-sínithe a lámh leis an Dearbhú seo.

Arna dhéanamh in Donostia, San Sebastián, an séú lá is fiche de Bhealtaine sa bhliain míle naoi gcéad ochtó a naoi.

[Sínithe na Lánchumbachtach]

**Coinbhinsiún 1980 na Róimhe ar an dlí is infheidhme maidir de hoibleagáidí conarthacha
(leagan comhdhlúite)**

**Céad Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar Choinbhinsiún 1980
(leagan comhdhlúite)**

**Dara Prótacal ag tabhairt cumhachtaí airithe do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach
chun Coinbhinsiún 1980 a léiriú (leagan comhdhlúite)**

RÉAMHNÓTA

Ar an 29 Samhain 1996 síníodh an Coinbhinsiún ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne do Choinbhinsiún na Róimhe ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha agus na Prótacail ar léiriú air ag an gCúirt Bhreithiúnais. B'innhianaithe dá bharr sin leagan comhdhlúite de Choinbhinsiún na Róimhe agus den dá Phrótacal sin a chur ar fáil.

Gabhann trí Dhearbhú leis na téacsanna sin: ceann a rinneadh i 1980 maidir leis an ngá atá le comhchuibheas idir na bearta a bheidh le glacadh ag an gComhphobal maidir le rialacha um roghnú dlí agus na cinn atá sa

Choinbhinsiún, ceann eile a rinneadh i 1980 freisin maidir le léiriú ar an gCoinbhinsiún ag an gCúirt Bhreithiúnais agus an tríú ceann, a rinneadh i 1996, maidir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Choinbhinsiún 1980 na Róimhe a chomhlíonadh a mhéad a bhaineann le hiompar earraí ar muir.

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle, ar taisceadh bunleaganacha na n-ionstraimí lena mbaineann ina cartlann, a tharraing suas an téacs atá san eagrán seo. Ní foláir a thabhairt faoi deara áfach nach bhfuil éifeacht cheangailteach leis an téacs seo. Tá téacsanna oifigiúla na n-ionstraimí comhdhlúite le fáil sna hIrisí Oifigiúla seo a leanas:

Teanga ina bhfuil an Iris Oifigiúil foilsithe	Coinbhinsiún 1980	Aontachas 1984	An Chéad Phrótacal 1988	An Dara Prótacal 1988	Coinbhinsiún Aontachais 1992	Coinbhinsiún Aontachais 1996
Gearmáinis	L 266, lch. 1, 9. 10. 1980	L 146, lch. 1, 31. 5. 1984	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Béarla	L 266, lch. 1, 9. 10. 1980	L 146, lch. 1, 31. 5. 1984	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Danmhairgis	L 266, lch. 1, 9. 10. 1980	L 146, lch. 1, 31. 5. 1984	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Fraincis	L 266, lch. 1, 9. 10. 1980	L 146, lch. 1, 31. 5. 1984	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Gréigis	L 146, lch. 7, 31. 5. 1984	L 146, lch. 1, 31. 5. 1984	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Gaeilge	Eagrán Speisialta (L 266)	Eagrán Speisialta (L 146)	Eagrán Speisialta (L 48)	Eagrán Speisialta (L 48)	Eagrán Speisialta (L 333)	Eagrán Speisialta (C 15)
Iodáilis	L 266, lch. 1, 9. 10. 1980	L 146, lch. 1, 31. 5. 1984	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Ollainnis	L 266, lch. 1, 9. 10. 1980	L 146, lch. 1, 31. 5. 1984	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997

Teanga ina bhfuil an Iris Oifigiúil foilsithe	Coinbhinsiún 1980	Aontachas 1984	An Chéad Phrótacal 1988	An Dara Prótacal 1988	Coinbhinsiún Aontachais 1992	Coinbhinsiún Aontachais 1996
Spáinnis	Eagrán Speisialta, Caibidil 1, Imleabhar 3, lch. 36 (feic freisin IO L 333, lch. 17)	Eagrán Speisialta, Caibidil 1, Imleabhar 4, lch. 36 (feic freisin IO L 333, lch. 72)	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Portaingéilis	Eagrán Speisialta, Caibidil 1, Imleabhar 3, lch. 36 (feic freisin IO L 333, lch. 7)	Eagrán Speisialta, Caibidil 1, Imleabhar 4, lch. 72 (feic freisin IO L 333, lch. 7)	L 48, lch. 1, 20. 2. 1989	L 48, lch. 17, 20. 2. 1989	L 333, lch. 1, 18. 11. 1992	C 15, lch. 10, 15. 1. 1997
Fionlainnis	C 15, lch. 70, 15. 1. 1997	C 15, lch. 66, 15. 1. 1997	C 15, lch. 60, 15. 1. 1997	C 15, lch. 64, 15. 1. 1997	C 15, lch. 68, 15. 1. 1997	C 15, lch. 53, 15. 1. 1997
Sualainnis	C 15, lch. 70, 15. 1. 1997	C 15, lch. 66, 15. 1. 1997	C 15, lch. 60, 15. 1. 1997	C 15, lch. 64, 15. 1. 1997	C 15, lch. 68, 15. 1. 1997	C 15, lch. 53, 15. 1. 1997

IARSCRÍBHINN

COINBHINSIÚN

ar an dlí is infheidhme maidir le hOibleagáidí conarthacha ⁽¹⁾

insínte sa Róimh ón 19 Meitheamh 1980

BROLLACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,

ÓS É A MIANGAS leanúint ar aghaidh sa réim dlí idirnáisiúnta phríobháidigh le hobair aontúcháin an dlí atá déanta cheana féin sa Chomhphobal, go háirithe maidir le dlínse agus le breithiúnais a fhorghníomhú,

ÓS É A dTOILMHIAN rialacha comhionanna a bhunú i dtaobh an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

TEIDEAL I

RÉIM AN CHOINBHINSIÚIN

Airteagal 1

Réim an Choinbhinsiúin

1. Bainfidh rialacha an Choinbhinsiúin seo le hoibleagáidí conarthacha i ndálaí ina dtarlaíonn neamhréireacht dlíthe.

2. Ní bhainfidh siad:

(a) le stádas ná le hinniúlacht dhlíthiúil daoine nádúrtha, gan dochar d'Airteagal 11;

(b) le hoibleagáidí conarthacha a bhaineann:

— le huachtanna agus comharbas,

— le cearta maoine de dhroim gaoil phósta,

— le cearta agus dualgais de dhroim gaoil teaghlaigh, tuisteachta, pósta nó cleamhnais, agus oibleagáidí cothabhála maidir le leanaí nach bhfuil dlisteanach á gcur san áireamh;

(c) le hoibleagáid de dhroim billí malairte, seiceanna, nótaí gealltanais agus ionstraimí soshannta eile sa mhéid gurb ó shoshanntacht na n-ionstraimí eile sin a eascraíonn na hoibleagáidí a thagann díobh;

(d) le comhaontuithe eadrána ná le comhaontuithe maidir le rogha cúirte;

(e) le ceistanna a bhaineann le dlí cuideachtaí agus comhlachtaí corpraithe nó neamhchorpraithe eile, ar nós bunú, trí clárú nó eile, inniúlacht dhlíthiúil, eagraíocht inmheánach nó foirceannadh cuideachtaí agus comhlachtaí corpraithe nó neamhchorpraithe eile agus dliteanas pearsanta oifigeach agus comhaltaí, sa cháil sin dóibh, i leith oibleagáidí na cuideachta nó an chomhlachta;

(f) leis an gceist an bhféadann gníomhaire ceangal a shnadmhadh idir príomhaí, nó an bhféadann orgán ceangal a shnadmhadh idir cuideachta nó comhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe agus tríú páirtí;

(g) le comhdhéanamh iontaobhas agus leis an ngaol idir socraitheoirí, iontaobhaithe agus tairbhíthe;

(h) le fianaise agus nós imeachta, gan dochar d'Airteagal 14.

⁽¹⁾ Téacs mar atá arna leasú le Coinbhinsiún an 10 Aibreán 1984 ar aontú na Poblachta Heilléanaí — dá ngairtear 'Coinbhinsiún Aontachais 1984' anseo feasta — le Coinbhinsiún an 18 Bealtaine 1992 ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile — dá ngairtear 'Coinbhinsiún Aontachais 1992' anseo feasta — agus leis an gCoinbhinsiún ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne — dá ngairtear 'Coinbhinsiún Aontachais 1996' anseo feasta.

3. Ní bhaineann rialacha an Choinbhinsiúin seo le conarthaí árachais a chumhdaíonn fiontair atá suite i gcríocha Bhallstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na

hEorpa. D'fhonn a chinneadh an bhfuil fiontar suite sna críocha sin, cuirfidh an chúirt a dlí inmheánach i bhfeidhm.

4. Ní bhaineann an mhír sin roimhe seo le conarthaí athárachais.

Airteagal 2

Feidhmiú dlí Stát neamhchonarthach

Cuirfear aon dlí a shonraítear leis an gCoinbhinsiún seo chun feidhme cibé acu is dlí nó nach dlí de chuid Stáit Chonarthaigh é.

TEIDEAL II

RIALACHA COMHIONANNA

Airteagal 3

Saoirse rogha

1. Beidh conradh á rialú ag an dlí a roghnóidh na páirtithe. Ní foláir an rogha a bheith sainráite nó léirithe le cinnteacht réasúnach ag téarmaí an chonartha nó imthosca an cháis. Dá rogha féin, féadfaidh na páirtithe an dlí a roghnú is infheidhme i leith iomlán an chonartha nó aon chuid de.

2. Féadfaidh na páirtithe aontú am ar bith an conradh a chur faoi dhlí seachas an dlí a railaigh é roimhe sin, cibé acu de thoradh rogha níos luaithe faoin Airteagal seo nó de thoradh forálacha eile de chuid an Choinbhinsiúin seo. Aon athrú a dhéanfaidh na páirtithe ar an dlí is infheidhme agus a rinneadh tar éis an conradh a dhéanamh, beidh sé gan dochar do bhailíocht fhoirmiúil an chonartha de réir bhrí Airteagal 9 agus ní dhéanfaidh sé díobháil do chearta tríú páirtithe.

3. I gcás dlí eachtrach a bheith roghnaithe ag na páirtithe, bíodh nó na bíodh binse eachtrach ag gabháil leis mar rogha, ní dhéanfaidh sin dochar do fheidhmiú rialacha dhlí na tíre sin nach ceadmhach a mhaolú le conradh, dá ngairtear 'rialacha sainordaitheacha' anseo feasta, nuair nach mbeidh baint ach le tír amháin ag elimintí eile go léir na staide áirithe tráth déanta na rogha.

4. Déanfar marthain agus bailíocht thoiliú na bpáirtithe i leith roghnú an dlí is infheidhme a chinneadh de réir fhorálacha Airteagail 8, 9 agus 11.

Airteagal 4

An dlí is infheidhme cheal rogha

1. Sa mhéid nach mbeidh an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh roghnaithe de réir Airteagal 3, beidh an

conradh á rialú ag dlí na tíre sin a bhfuil an ceangal is dlúithe aige léi. Mar sin féin féadfaidh cuid inscartha den chonradh a bhfuil baint níos dlúithe aici le tír eile a bheith, i ndálaí eisceachtúla, á rialú ag dlí na tíre eile sin.

2. Faoi réir fhorálacha mhír 5 den Airteagal seo, toimhdeofar an bhaint is dlúithe a bheith ag an gconradh leis an tír ina bhfuil, tráth déanta an chonartha, gnáthchónaí ar an bpáirtí a dhlíonn an comhlíonadh is saineiúil don chonradh a dhéanamh nó, i gcás comhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe, a bhfuil a lárionad riaracháin aige inti. Acht má dhéantar an conradh i gcúrsa gnó nó gairme an pháirtí sin, is í an tír sin an tír ina bhfuil an príomhionad gnó nó, más rud é, faoi théarmaí an chonartha, go mbeidh an conradh le comhlíonadh trí ionad gnó seachas an príomhionad gnó, is í an tír í ina bhfuil an t-ionad gnó eile sin.

3. D'ainneoin fhorálacha mhír 2 den Airteagal seo, sa mhéid gur ceart ar mhaoín dhochorraithe nó ceart maoín dhochorraithe a úsáid is ábhar don chonradh, toimhdeofar an bhaint is dlúithe a bheith ag an gconradh leis an tír ina bhfuil an mhaoín dhochorraithe.

4. Ní bheidh conradh chun earraí a iompar faoi réir na toimhdean i mír 2. I gconradh den sórt sin toimhdeofar an bhaint is dlúithe a bheith ag an gconradh leis an tír ina bhfuil, tráth déanta an chonartha, a phríomhionad gnó ag an iompróir más í an tír sin feisin an tír ina bhfuil an t-ionad lastála nó an t-ionad dílastála nó príomhionad gnó an choinsíneora. I bhfeidhmiú na míre seo áireofar páirtithe cairte aonaistir agus conarthaí eile arb é is príomhaidhm dóibh earraí a iompar mar chonarthaí chun earraí a iompar.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 2 mura féidir an comhlíonadh is saineiúil don chonradh a chinneadh agus ní thabharfar aird ar thoisimheana mhíreanna 2, 3, agus 4 má dhealraíonn sé as na dálaí go huile go bhfuil baint níos dlúithe ag an gconradh le tír eile.

Airteagal 5

Conarthaí áirithe maidir le tomhaltóirí

1. Baineann an tAirteagal seo le conarthaí arb é is cuspóir dóibh earraí nó seirbhísí a sholáthar do dhuine ('an tomhaltóir') chun úsáide a fhéadfaí a mheas a bheith lasmuigh dá ghnó nó dá ghairm, nó le conarthaí chun creidmheas a chur ar fáil le haghaidh an chuspóra sin.

2. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 3, ní thiocfaidh de thoradh as rogha dlí arna déanamh ag páirtithe go gceifear ar an tomhaltóir an chosaint a thugtar dó le

rialacha sainordaitheacha dhlí na tíre ina bhfuil a ghnáthchónaí aige:

- má rinneadh, sa tír sin, roimh dhéanamh an chonartha, sainchuireadh a dhíriú chuige nó fógraíocht, agus má rinne sé sa tír sin gach beart ba ghá dó chun an Conradh a dhéanamh, nó
- má fuair an páirtí eile nó a ghníomhaire ordú an tomhaltóra sa tír sin, nó
- má bhaineann an Conradh le díol earraí agus más amhlaidh gur thaistil an tomhaltóir ón tír sin go dtí tír eile agus gur ordaigh sé na hearraí inti, ar chuntar gur eagraigh an díoltóir turas an tomhaltóra d'fhonn é a spreagadh chun na hearraí a cheannach.

3. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 4, beidh Conradh a mbaineann an tAirteagal seo leis á rialú, cheal rogha de réir Airteagal 3, ag dlí na tíre ina bhfuil a ghnáthchónaí ag an tomhaltóir, má théitear faoi sna dálaí a thuairiscítear i mír 2 den Airteagal seo.

4. Ní bhainfidh an tAirteagal seo:

- (a) le Conradh iompair;
- (b) le Conradh maidir le seirbhísí a sholáthar nuair nach bhfuil na seirbhísí le soláthar don tomhaltóir ach amháin i dtír seachas an tír ina bhfuil a ghnáthchónaí aige.

5. D'ainneoin fhorálacha mhír 4, bainfidh an tAirteagal seo le Conradh a sholáthraíonn taisteal agus lóistín le chéile ar tháille uileghabhálach.

Airteagal 6

Conarthaí leithleacha fostaíochta

1. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 3, i gConradh fostaíochta ní thiocfaidh de thoradh as rogha dlí arna déanamh ag páirtithe go gceilfear ar an bhfostaí an chosaint a thugtar dó le rialacha sainordaitheacha an dlí ab infheidhme faoi mhír 2 cheal rogha.

2. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 4 agus cheal rogha de réir Airteagal 3, beidh Conradh fostaíochta á rialú:

- (a) ag dlí na tíre ina ndéanann an fostaí a chuid oibre de ghnáth ag comhlíonadh an chonartha, fiú má aistrítear go sealadach chuig tír eile é; nó

- (b) mura ndéanann an fostaí a chuid oibre de ghnáth in aon tír áirithe, ag dlí na tíre ina bhfuil a ionad ag an ngnó a d'fhostaigh é;

mura ndealraíonn sé as na dálaí go huile go bhfuil baint níos dlúithe ag an gconradh le tír eile, agus, sa chás sin, beidh an Conradh á rialú ag dlí na tíre sin.

Airteagal 7

Rialacha sainordaitheacha

1. Nuair a bheidh feidhm á tabhairt do dhlí thír áirithe faoin gCoinbhinsiún seo, féadfar éifeacht a thabhairt do rialacha sainordaitheacha dhlí tíre eile a bhfuil dlúthbhaint ag an staid léi, más éigean, agus a mhéid is éigean, faoi dhlí na tíre deireanaí sin, na rialacha sin a chur chun feidhme gan féachaint don dlí is infheidhme maidir leis an gconradh. Nuair a bheidh breithniú á dhéanamh i dtaobh éifeacht a thabhairt do na rialacha sainordaitheacha sin, caithfear aird a thabhairt ar a gcineál agus ar a n-aidhm agus fós ar an toradh a tiocfadh as a bhfeidhmiú nó a neamhfeidhmiú.

2. Ní chuirfidh aon ní sa Choinbhinsiún seo srian le feidhmiú rialacha dhlí an fhórait i dtoisc inar rialacha sainordaitheacha iad is cuma cén dlí is infheidhme maidir leis an gconradh.

Airteagal 8

Bailíocht ábhartha

1. Déanfar marthain agus bailíocht conartha, nó aon téarma de chuid conartha, a chinneadh de réir an dlí ab infheidhme faoin gCoinbhinsiún seo dá mba rud é gur bhailí don chonradh nó don téarma.

2. Mar sin féin, féadfaidh páirtí dul i muinín dhlí na tíre ina bhfuil a ghnáthchónaí aige chun a shuíomh nár thug sé a thoiliú má dhealraíonn sé as na dálaí nár réasúnach éifeacht iompar an pháirtí sin a chinneadh de réir an dlí a sonraíodh sa mhír sin roimhe seo.

Airteagal 9

Bailíocht fhoirmiúil

1. Tá bailíocht fhoirmiúil ag Conradh arna dhéanamh ag daoine sa tír chéanna má shásaíonn sé ceanglais fhoirmiúla an dlí lena rialaítear é faoin gCoinbhinsiún seo nó dhlí na tíre ina ndéantar é.

2. Tá bailíocht fhoirmiúil ag Conradh arna dhéanamh ag daoine i dtíortha éagsúla má shásaíonn sé ceanglais fhoirmiúla an dlí lena rialaítear é faoin gCoinbhinsiún seo nó dhlí cheann de na tíortha sin.

3. Nuair is gníomhaire a dhéanann an Conradh, is í an tír ina ngníomhaíonn an gníomhaire an tír nach foláir féachaint di i bhfeidhmiú mhíreanna 1 agus 2.

4. Tá bailíocht fhoirmiúil ag gníomh a mbeartaítear éifeacht dhlíthiúil a bheith aige i ndáil le Conradh atá marthanach nó ionchasach má shásaíonn sé ceanglais fhoirmiúla an dlí lena rialaítear nó lena rialófaí an Conradh sin faoin gCoinbhinsiún seo nó dhlí na tíre ina ndearnadh an gníomh.

5. Ní bhainfidh forálacha na míreanna sin roimhe seo le Conradh lena mbaineann Airteagal 5, arna dhéanamh sna dálaí a thuairiscítear i mír 2 d'Airteagal 5. Is é dlí na tíre ina bhfuil a ghnáthchónaí ag an tomhaltóir a rialaíonn bailíocht fhoirmiúil chonradh den sórt sin.

6. D'ainneoin mhíreanna 1 go 4 den Airteagal seo, beidh Conradh a bhaineann le ceart ar mhaoín dhochorraithe nó ceart maoín dhochorraithe a úsáid faoi réir cheanglais shainordaitheacha foirme dhlí na tíre ina bhfuil an mhaoín sin más rud é, de réir an dlí sin, go bhforchuirtear na ceanglais sin cibé ar bith tír ina ndéantar an Conradh agus cibé ar bith dlí lena rialaítear an Conradh.

Airteagal 10

Réim an dlí is infheidhme

1. An dlí is infheidhme maidir le Conradh de bhua Airteagail 3 go 6 agus 12 den Choinbhinsiún seo, rialóidh sé go háirithe:

- (a) forléiriú an chonartha;
- (b) comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann leis;
- (c) faoi réim theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don chúirt lena dlí nós imeachta, iarmhairtí de dhroim shárú na n-oibleagáidí sin, lena n-áirítear measúnú damáistí sa mhéid go bhfuil sin á rialú ag rialacha dlí;
- (d) na modhanna éagsúla chun oibleagáidí a mhúchadh, maille le rúradh agus teorannú caingne;
- (e) a dtiocfaidh de neamhníocht an chonartha.

2. Sa mhéid a bhaineann le modh comhlíonta an chonartha, lena n-áirítear na bearta a bheidh le glacadh i gcás é a chomhlíonadh go huireasach, féachfar do dhlí na tíre ina ndéantar an comhlíonadh.

Airteagal 11

Neamhinniúlacht

Maidir le Conradh a rinneadh idir daoine sa tír chéanna, ní fhéadfaidh aon duine nádúrtha a bheadh inniúil faoi dhlí na tíre sin a neamhinniúlacht de dhroim dlí eile a agairt ach amháin más rud é, tráth déanta an chonartha, gurbh eol don pháirtí eile sa chonradh an neamhinniúlacht sin nó gur de dheasca faillí nárbh eol dó í.

Airteagal 12

Sannadh saorálach

1. Beidh comhoibleagáidí sannóra agus sannaí faoi shannadh saorálach cirt in aghaidh duine eile ('an féichiúnaí') á rialú ag an dlí a bhaineann, faoin gCoinbhinsiún seo, leis an gconradh idir an sannóir agus an sannaí.

2. An dlí a rialaíonn an ceart lena mbaineann an sannadh, cinntídh sé a insanntacht, an gaol idir an sannaí agus an féichiúnaí, na coinníollacha faoinar féidir an sannadh a agairt in aghaidh an fhéichiúnaí agus aon cheist i dtaobh oibleagáidí an fhéichiúnaí a bheith urscaoilte.

Airteagal 13

Seachaíocht

1. I gcás éileamh conarthach a bheith ag duine ('an creidiúnaí') ar dhuine eile ('an féichiúnaí'), agus go bhfuil de dhualgas ar thríú duine an creidiúnaí a shásamh, nó go bhfuil an creidiúnaí sásaithe aige iarbhrí i gcomhlíonadh an dualgais sin, is é an dlí lena rialaítear dualgas an tríú duine chun an creidiúnaí a shásamh a chinntídh cé acu atá an tríú duine i dteideal na cearta sin a fheidhmiú in aghaidh an fhéichiúnaí a bhí ag an gcreidiúnaí in aghaidh an fhéichiúnaí faoin dlí lena rialaítear a gcomhbhaint agus, má tá, cé acu an go hiomlán nó go páirteach a fhéadfaidh sé é sin a dhéanamh.

2. Tá feidhm ag an riail chéanna i gcás daoine éagsúla a bheith faoi réir an éilimh chonarthaigh chéanna agus an creidiúnaí a bheith sásaithe ag duine acu.

Airteagal 14

Dualgas cruthúnais, etc.

1. Beidh feidhm ag an dlí lena rialaítear an Conradh faoin gCoinbhinsiún seo sa mhéid go mbeidh, faoi dhlí conarthaí, rialacha ann a bhunaíonn toimhdeana dlí nó a chinneann an dualgas cruthúnais.

2. Féadfar Conradh nó gníomh a mbeartaítear éifeacht dlíthiúil a bheith aige a chruthú le haon mhodh cruthúnais a aithnítear le dlí an fhóiraim nó le haon cheann de na dlíthe dá dtagraítear in Airteagal 9 faoina bhfuil bailíocht fhoirmiúil ag an gconradh nó ag an ngníomh sin, ar choinníoll gur féidir leis an bhfóram an modh cruthúnais sin a riar.

*Airteagal 15***Renvoi a eisiámh**

Ciallaíonn feidhmiú dlí aon tíre a fhorordaítear leis an gCoinbhinsiún seo feidhmiú rialacha an dlí ag a bhfuil feidhm sa tír sin seachas a rialacha dlí idirnáisiunta phríobháidigh.

*Airteagal 16***Ordre public**

Ní féidir diúltú do riail dlí aon tíre a shonraítear leis an gCoinbhinsiún seo ach amháin nuair is follas nach bhfuil an feidhmiú sin ag luí le beartas poiblí (*ordre public*) an fhórait.

*Airteagal 17***Gan éifeacht chúlghabhálach**

I Stát Conarthach bainfidh an Coinbhinsiún seo le conarthaí a dhéanfar tar éis an dáta a tháinig an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm maidir leis an Stát sin.

*Airteagal 18***Forléiriú comhionann**

Nuair a bheidh na rialacha comhionanna sin roimhe seo á bhforléiriú agus á bhfeidhmiú, féachfar dá ngné idirnáisiunta agus dá mhéid is inmhiannaithe é comhionannas a bhaint amach maidir lena bhforléiriú agus lena bhfeidhmiú.

*Airteagal 19***Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu**

1. Nuair a chuimsítear i Stát aonaid chríche leithleacha a bhfuil a rialacha dlí féin ag gach aonad díobh i dtaobh oibleagáidí conarthacha, féachfar ar gach aonad críche mar thír chun go n-aithneofaí an dlí is infheidhme faoin gCoinbhinsiún seo.

2. Stát a bhfuil a rialacha dlí féin ag aonaid chríche éagsúla ann i dtaobh oibleagáidí conarthacha, ní bheidh de cheangal air an Coinbhinsiún seo a chur chun feidhme ar neamhréireachtaí idir dlíthe na n-aonad sin namá.

*Airteagal 20***Tosaíocht ag dlí Comhphobail**

Ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo difear d'fheidhmiú a leagann síos, i ndáil le hábhair áirithe, rialacha um neamhréireacht dlíthe maidir le hoibleagáidí conarthacha agus atá nó a bheidh ar áireamh i ngníomhartha institiúidí na gComhphobal Eorpach nó i ndlíthe náisiúnta a comhchuihbhíodh ag cur na ngníomhartha sin chun feidhme.

*Airteagal 21***An bhaint le coinbhinsiún eile**

Ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo dochar d'fheidhmiú coinbhinsiún idirnáisiunta a bhfuil nó a mbeidh Stát Conarthach ina pháirtí iontu.

*Airteagal 22***Forchoimeádais**

1. Féadfaidh aon Stát Conarthach, tráth an Choinbhinsiúin seo a shíniú, a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhorghéas, an ceart a fhorchoimeád chun nach bhfeidhmeodh sé:

(a) forálacha mhír 1 d'Airteagal 7;

(b) forálacha mhír 1 (e) d'Airteagal 10.

2. ...⁽¹⁾

3. Féadfaidh aon Stát Conarthach forchoimeádas a rinne sé a tharraingt siar am ar bith; ní bheidh tuilleadh feidhme ag an bhforchoimeádas sin ón gcéad lá den tríú mí féilire tar éis an tarraingt siar a chur in iúl.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 23

1. Más rud é, tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm maidir le Stát Conarthach, gur mian leis an Stát sin aon riail nua um neamhréireacht dlíthe a ghlacadh maidir le haon earnáil áirithe conarthaí a thagann laistigh de raon feidhme an Choinbhinsiúin seo, cuirfidh sé scéala faoina bhfuil ar intinn aige, trí Aadrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach, chuig na Stát eile a shínigh an Coinbhinsiún.

2. Féadfaidh aon Stát a shínigh an Coinbhinsiún, laistigh de shé mhí ó dháta an scéala a chur chuig an Ardrúnaí, a iarraidh air comhchomhairliúcháin a shocrú idir na Stáit a shínigh an Coinbhinsiún d'fhonn teacht ar chomhaontú.

3. Mura mbeidh, laistigh den tréimhse sin, comhchomhairliúcháin iarrtha ag aon Stát a shínigh an Coinbhinsiún nó más rud é, laistigh de dhá bhliain tar éis an scéala a chur chuig an Ardrúnaí, nach mbeidh aon chomhaontú déanta sna comhchomhairliúcháin, féadfaidh an Stát Conarthach áirithe a dhlí a leasú amhail mar a bheidh curtha in iúl. Cuirfear na bearta a bheidh glactha ag an Stát sin i bhfios, trí Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach, do na Stáit eile a shínigh an Coinbhinsiún.

⁽¹⁾ Mír arna scríosadh le pointe 1 d'Airteagal 2 de Choinbhinsiún Aontachais 1992.

Airteagal 24

1. Más rud é, tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm maidir le Stát Conarthach, gur mian leis an Stát sin a bheith ina pháirtí i gcoinbhinsiún iltaobhach arb é is príomhaidhm dó, nó arb é ceann dá phríomhaidhmeanna, rialacha dlí idirnáisiúnta phríobháidigh a leagan síos maidir le haon cheann de na hábhair atá á rialú ag an gCoinbhinsiún seo, beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 23. Sa chás sin, áfach, laghdófar go dtí bliain amháin an tréimhse dhá bhliain dá dtagraítear sa tríú mír den Airteagal sin.

2. Ní gá cloí leis an nós imeachta dá dtagraítear sa mhír sin roimhe seo más páirtí cheana féin sa choinbhinsiún iltaobhach Stát Conarthach nó ceann de na Comhphobail Eorpacha, nó más é is cuspóir dó athchóiriú a dhéanamh ar choinbhinsiún ar páirt ann cheana féin an Stát lena mbaineann, nó más coinbhinsiún é a tugadh chun críche faoi chuimsiú na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach.

Airteagal 25

Má mheasann Stát Conarthach go dtéann comhaontuithe a tugadh i gcrích agus nach bhforáiltear dóibh i mír 1 d'Airteagal 24 chun dochair don aontacht atá bainte amach leis an gCoinbhinsiún seo, féadfaidh an Stát sin a iarraidh ar Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach comhchomhairliúcháin a shocrú idir na Stáit a shínigh an Coinbhinsiún seo.

Airteagal 26

Féadfaidh aon Stát Conarthach athchóiriú ar an gCoinbhinsiún seo a iarraidh. Sa chás sin, tionólfaidh Uachtarán Chomhairle na gComhphobal Eorpach comhdháil athchóiriúcháin.

Airteagal 27 ⁽¹⁾*Airteagal 28*

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt chun a shínte ón 19 Meitheamh 1980 ag na Stáit is páirtithe sa Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

2. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasa ag Stáit a shínithe. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa le hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach ⁽²⁾.

⁽¹⁾ Airteagal arna scríosadh le pointe 1 d'Airteagal 2 de Choinbhinsiún Aontachais 1992.

⁽²⁾ Tá athdhaingniú na gCoinbhinsiún Aontachais faoi rialú ag na forálacha seo a leanas de na Coinbhinsiúin sin:

Airteagal 29 ⁽³⁾

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den tríú mí tar éis an seachtú hionstraim dhaingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh.

2. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, maidir le gach Stát sínitheach a dhaingneoidh, a ghlacfaidh nó a fhormheasfaidh é ar dháta is faide amach, an chéad lá den tríú mí tar éis a ionstraim dhaingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh.

— i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1984, Airteagal 3 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 3

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach.'

— i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1992, Airteagal 4 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 4

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach.'

— i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1996, Airteagal 5 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 5

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.'

⁽³⁾ Tá teacht i bhfeidhm na gCoinbhinsiún Aontachais faoi rialú ag na forálacha seo a leanas de na Coinbhinsiúin sin:

— i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1984, Airteagal 4 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 4

Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, amhail idir na Stáit a mbeidh daingniú déanta acu air, an chéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin deiridh ag an bPoblacht Heilléanach agus ag seacht Stát a bhfuil daingniú déanta acu ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha.

Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm do gach Stát Conarthach a dhaingneoidh é dá éis sin an chéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.'

— i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1992, Airteagal 5 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 5

Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, amhail idir na Stáit a mbeidh daingniú déanta acu air, ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin deiridh ag Ríocht na Spáinne nó ag Poblacht na Portaingéile agus ag Stát amháin a bhfuil daingniú déanta aige ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha.

Airteagal 30

1. Fanfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm go ceann 10 mbliana ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm de réir mhír 1 d'Airteagal 29, fiú maidir le Stáit a dtiocfaidh sé i bhfeidhm níos déanaí ina leith.

2. Déanfar an Coinbhinsiún a athnuachan go tostach gach cúig bliana mura séanfar é.

3. Beidh ar Stát Conarthach ar mian leis séanadh a dhéanamh fógra a thabhairt d'Adrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach sé mhí ar a laghad sula mbeidh an tréimhse 10 mbliana nó cúig bliana, cibé acu é, caite. Féadfar an séanadh a theorannú ionas nach mbainfidh sé ach le críoch ar fairsingiúdh an Coinbhinsiúin chuici trí dhearbhu faoi mhír 2 d'Airteagal 27 ⁽¹⁾.

4. Ní bheidh éifeacht ag an séanadh ach amháin i ndáil leis an Stát a d'fhógair é. Fanfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm amhail idir na Stáit Chonarthacha eile go léir.

Airteagal 31 ⁽²⁾

Tabharfaidh Adrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach fógra do na Stáit is páirtithe sa Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i dtaobh na nithe seo a leanas:

Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm do gach Stát Conarthach a dhéanfaidh daingniú air dá éis sin ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh a ionstraimí daingniúcháin.;

- i gcás Choinbhinsiúin Aontachais 1996, Airteagal 6 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 6

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, amhail idir na Stáit a mbeidh daingniú déanta acu air, ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin deiridh ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne nó ag Ríocht na Sualainne agus ag Stát Conarthach amháin a bhfuil daingniú déanta aige ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha.

2. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm do gach Stát Conarthach a dhéanfaidh daingniú air dá éis sin ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.;

⁽¹⁾ Abairt arna scríosadh le Coinbhinsiún Aontachais 1992.

⁽²⁾ Tá fógraí maidir leis na Coinbhinsiúin Aontachais faoi rialú ag na forálacha seo a leanas de na Coinbhinsiúin sin:

- i gcás Choinbhinsiúin Aontachais 1984, Airteagal 5 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 5

Cuirfidh Adrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach in iúl do Stáit an Choinbhinsiúin seo a shíniú:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;
- (b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm do na Stáit Chonarthacha.;

- i gcás Choinbhinsiúin Aontachais 1992, Airteagal 6 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

- (a) na sínithe;

- (b) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasa;

- (c) dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm;

- (d) na cumarsáidí de bhun Airteagail 23, 24, 25, 26 agus 30 ⁽³⁾;

- (e) na forchoimeádais agus tarraingt siar na bhforchoimeádas dá dtagraítear in Airteagal 22.

Airteagal 32

Is cuid dhílis den Choinbhinsiún seo an Prótacal atá i gceangal leis.

Airteagal 33 ⁽⁴⁾

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis agus comhúdarás ag na téacsanna sin; taiscfear é i gcartlann Adrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach. Cuirfidh an tAdrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.

'Airteagal 6

Cuirfidh Adrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach in iúl do Stáit shínitheacha an Choinbhinsiúin seo:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;
- (b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm i leith na Stát Conarthach.;

- i gcás Choinbhinsiúin Aontachais 1996, Airteagal 7 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a théacs:

'Airteagal 7

Cuirfidh Adrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh in iúl do Stáit shínitheacha an Choinbhinsiúin seo:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;
- (b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm i leith na Stát Conarthach.;

⁽³⁾ Pointe (d) mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1992.

⁽⁴⁾ Sonraítear téacsanna údarásacha na gCoinbhinsiúin Aontachais sna forálacha seo a leanas:

- i gcás Choinbhinsiúin Aontachais 1984, Airteagal 2 agus 6 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a dtéacs:

'Airteagal 2

Déanfaidh Adrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach cóip dheimhnithe den Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis a chur chuig Rialtas na Poblachta Heilleánaí.

Déanfar téacs Gréigise an Choinbhinsiúin ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha a chur i gceangal leis an gCoinbhinsiún seo. Beidh comhúdarás ag an téacs Gréigise, faoi na coinníollacha céanna, le téacsanna eile an Choinbhinsiúin ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha.;

Dá fhianú sin, shínigh na daoine seo thíos, arna n-údarú go cuí chuige sin, an Coinbhinsiún seo.

Arna dhéanamh sa Róimh, an naoú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad ochtó.

[Sínithe na Lánchumbhachtach]

'Airteagal 6

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na hocht dtéacs; taiscfear é i gcartlann Aodrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh an tAodrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.'

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1992, Airteagail 3 agus 7 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a dtéacs:

'Airteagal 3

Déanfaidh Aodrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach cóip dheimhnithe den Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis agus san Ollainnis a chur chuig Rialtais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile.

Tá téacsanna an Choinbhinsiúin ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II den Choinbhinsiún seo. Beidh comhúdarás ag na téacsanna Portaingéilise agus Spáinnise, faoi na coinníollacha céanna, le téacsanna eile an Choinbhinsiúin ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha.'

'Airteagal 7

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis agus comhúdarás ag gach ceann de na deich dtéacs;

taiscfear é i gcartlann Aodrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh an tAodrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.'

- i gcás Choinbhinsiún Aontachais 1996, Airteagail 4 agus 8 den Choinbhinsiún sin arb é seo a leanas a dtéacs:

'Airteagal 4

1. Déanfaidh Aodrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún 1980, Coinbhinsiún 1984, Céad Phrótacal 1988, Dara Prótacal 1988 agus Coinbhinsiún 1992 sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis a chur chuig Rialtais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

2. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna eile Choinbhinsiúin 1980, Choinbhinsiún 1984, Chéad Phrótacal 1988, Dhara Prótacal 1988 agus Choinbhinsiún 1992 téacsanna Choinbhinsiúin 1980, Choinbhinsiún 1984, Chéad Phrótacal 1988, Dhara Prótacal 1988 agus Choinbhinsiún 1992 arna dtarraingt suas san Fhionlainnis agus sa tSualainnis.'

'Airteagal 8

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag gach ceann den dá théacs déag; taiscfear é i gcartlann Aodrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus cuirfidh an tAodrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.'

PRÓTACAL ⁽¹⁾

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha tar éis comhaontú ar an bhforáil seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gCoinbhinsiún:

‘D’ainneoin fhorálacha an Choinbhinsiúin, féadfaidh an Danmhairg, an tSualainn agus an Fhionlainn a bhforálacha náisiúnta maidir leis an dlí is infheidhme i leith ceisteanna a bhaineann le hiompar earraí ar muir a choinneáil agus féadfaidh siad na forálacha sin a leasú gan cloí leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Choinbhinsiún na Róimhe. Is iad seo a leanas na forálacha náisiúnta atá infheidhme ina leith sin:

- sa Danmhairg, míreanna 252 agus 321 (3) agus (4) den *Sølov* (an dlí muirí),
- sa tSualainn, Caibidil 13, Airteagal 2 (1) agus (2), agus Caibidil 14, Airteagal 1 (3), de *sjölagen* (an dlí muirí),
- san Fhionlainn, Caibidil 13, Airteagal 2 (1) agus (2), agus Caibidil 14, Airteagal 1 (3), de *merilaki/sjölagen* (an dlí muirí).’

Dá fhianú sin, shínigh na daoine seo thíos, arna n-údarú go cuí chuige sin, an Prótacal seo.

Arna dhéanamh sa Róimh, an naoú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad ochtó.

[Sínithe na Lánchumbachtach]

⁽¹⁾ Téacs arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1996.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Ard-Diúcacht Lucsamburg, na hÉireann, Phoblacht na hIodáile, Ríocht na Danmhairge, Ríocht na hÍsiltíre, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, tráth sínithe an Choinbhinsiúin ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha,

- I. Os é a miangas go seachnófaí, a mhéid is féidir, leathadh ar rialacha um neamhréireacht dlíthe i measc ionstraimí éagsúla agus éagsúlachtaí idir na rialacha sin;

á chur in iúl gur mian leo go ndéanfaidh institiúidí na gComhphobal Eorpach, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí faoi na Conarthaí lenar bunaíodh iad, iarracht, nuair is gá sin, chun rialacha um neamhréireacht dlíthe a ghlacadh atá i gcomhréir, a mhéad is féidir, leo sin sa Choinbhinsiún seo;

- II. á dhearbhu go bhfuil sé ar intinn acu a thúisce a shínítear an Coinbhinsiún agus go dtí go mbeidh siad faoi cheangal ag Airteagal 24 den Choinbhinsiún, dul i gcomhairle lena chéile sa chás gur mian le haon cheann de na Stáit Shínitheacha bheith ina pháirtí i gcoinbhinsiún a mbeadh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal sin infheidhme ina leith;

- III. ag féachaint dá ndéanann an Coinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha ar mhaithe le haontúchán ar na rialacha um neamhréireacht dlíthe laistigh de na Comhphobail Eorpacha, á chur in iúl gurb é a dtuairim gur cóir d'aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta de na Comhphobail Eorpacha aontú don Choinbhinsiún seo.

Dá fhianú sin, shínigh na daoine seo thíos, arna n-údarú go cuí chuige sin, an Dearbhú Comhpháirteach seo.

Arna dhéanamh sa Róimh, an naoú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad ochtó.

[Sínithe na Lánchumbachtach]

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, na hÉireann, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

Tráth sínithe an Choinbhinsiúin ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha,

Ós mian leo a áirithint go gcuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme chomh héifeachtach agus is féidir,

Os é a miangas nach mbeadh difríochtaí léiriúcháin ag baint óna éifeacht aontach,

Ag dearbhú a bhfonnmhaireachta:

1. chun féachaint arbh fhéidir dlínse, in ábhair áirithe, a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus, más gá, chun comhaontú dá réir sin a chur i gcrích;
2. chun cruinnithe idir a n-ionadaithe a thionól go tráthrialta.

Dá fhianú sin, shínigh na daoine seo thíos, arna n-údarú go cuí chuige sin, an Dearbhú Comhpháirteach seo.

Arna dhéanamh sa Róimh, an naoú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad ochtó.

[Sínithe na Lánchumbachtach]

AN CHÉAD PHRÓTACAL ⁽¹⁾

ar léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA SA CHONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA,

AG FÉACHAINT DÓIBH don Dearbhú Comhpháirteach atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980,

TAR ÉIS CINNEADH ar Phrótacal a chur i gcrích chun dlínse a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach an Coinbhinsiún sin a léiriú agus chuige sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

[Lánchumhachtaigh arna gceapadh ag na Ballstáit]

NOCH A RINNE, ar chruinniú dóibh i gComhairle na gComhphobal Eorpach, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialú a thabhairt i dtaobh léiriú:

- (a) an Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, dá ngairtear ‘Coinbhinsiún na Róimhe’ anseo feasta;
- (b) na gCoinbhinsiún ar aontú do Choinbhinsiún na Róimhe ag na Stáit a tháinig chun bheith ina mBaill de na Comhphobail Eorpacha ón dáta a osclaíodh chun a shínithe é;
- (c) an Phrótacail seo.

Airteagal 2

Féadfaidh cúirt ar bith dá luaitear anseo thíos a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt ar cheist a tharraingítear anuas i gcás os a comhair a bhaineann le léiriú fhorálacha na nIonstraimí dá dtagraítear in Airteagal 1 má mheasann an chúirt sin gur gá cinneadh ar an gceist sin chun go bhféadfadh sí breith a thabhairt:

- (a) — sa Bheilg:
la Cour de Cassation (het Hof van Cassatie) agus
le Conseil d'État (de Raad van State),

- sa Danmhairg:
Højesteret,
- i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine:
die obersten Gerichtshöfe des Bundes,
- sa Ghréig:
τα ανώτατα Δικαστήρια,
- sa Spáinn:
el Tribunal Supremo,
- sa Fhrainc:
la Cour de Cassation agus *le Conseil d'État,*
- in Éirinn:
an Chúirt Uachtarach,
- san Iodáil:
la Corte suprema di cassazione agus *il Consiglio di Stato,*
- i Lucsamburg:
la Cour Supérieure de Justice ina suí di mar *Cour de Cassation,*
- san Ostair:
an Oberste Gerichtshof, an *Verwaltungsgerichtshof* agus an *Verfassungsgerichtshof,*
- san Ísiltír:
de Hoge Raad,
- sa Phortaingéil:
o Supremo Tribunal de Justiça agus *o Supremo Tribunal Administrativo,*

⁽¹⁾ Téacs mar atá arna leasú le Coinbhinsiún Aontachais 1996.

— sa Fhionlainn:

korkein oikeus/högsta domstolen, korkein hallinto-oikeus/högsta förvaltningsdomstolen, markkina-tuomioistuin/marknadsdomstolen agus *työtuomioistuin/arbetsdomstolen*,

— sa tSualainn:

Högsta domstolen, Regeringsrätten, Arbetsdomstolen agus *Marknadsdomstolen*,

— sa Ríocht Aontaithe:

an *House of Lords* agus na cúirteanna eile nach bhfuil a mbreithiúnas inachomhairc;

(b) cúirteanna na Stát Conarthach ina suí dóibh i gcáil achomharcach.

Airteagal 3

1. Féadfaidh údarás inniúil Stáit Chonarthaigh a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar cheist i dtaobh léiriú fhorálacha na n-ionstraimí a luaitear in Airteagal 1 má bhíonn breithiúnais ó chúirteanna sa Stát sin ar neamhréir leis an léiriú a thug an Chúirt Bhreithiúnais nó a tugadh i mbreithiúnas ó chúirt de chuid Stáit Chonarthaigh eile a luaitear in Airteagal 2. Ní bhainfidh forálacha na míre seo ach le breithiúnais a bhfuil éifeacht *res judicata* leo.

2. Ní dhéanfaidh an léiriú a dhéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais de bhun iarratais den sórt sin difear do na breithiúnais ba bhun leis an léiriú sin a iarraidh.

3. Beidh Ionchúisitheoirí Ginearálta na gCúirteanna Uachtaracha Achomhairc sna Stáit Chonarthacha, nó údarás ar bith eile a bheidh ainmnithe chuige sin ag Stát Conarthach, i dteideal rialú ar léiriú a iarradh ar an gCúirt Bhreithiúnais de réir mhír 1.

4. Tabharfaidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais fógra faoin iarratas do na Stáit Chonarthacha, don Choimisiún agus do Chomhairle na gComhphobal Eorpach; beidh siadsan i dteideal ansin, laistigh de dhá mhí tar éis an fógra a fháil, sonruithe cáis nó tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

5. Ní fhéadfar aon táillí a thobhach ná aon chostais nó aon chaiteachas a dhámhachtain i leith na n-imeachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo.

Airteagal 4

1. Na forálacha sin den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus na cinn sin den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais atá i gceangal leis, is infheidhme nuair a iarrtar ar an gCúirt réamhrialú a thabhairt, beidh feidhm acu mar an gcéanna, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis an bPrótacal seo, ar aon imeachtaí maidir le léiriú na n-ionstraimí a luaitear in Airteagal 1.

2. Déanfar, más gá, Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais a oiriúnú agus a chomhlánú de réir Airteagal 188 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Airteagal 5 ⁽¹⁾

Beidh an Prótacal seo faoi réir a dhaingnithe ag Stáit a shínithe. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach.

Airteagal 6 ⁽²⁾

1. Chun an Prótacal seo a theacht i bhfeidhm, ní mór dó bheith daingnithe ag seacht Stát a bhfuil Coinbhinsiún na Róimhe i bhfeidhm ina leith. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin deiridh ag Stát dá leithéid. Ar a shon sin, má thagann an Dara Prótacal ag tabhairt cumhachtaí áirithe do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun an Coinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, a léiriú, arna chur i gcrích sa Bhruiséil ar an 19 Nollaig 1988 ⁽³⁾, i bhfeidhm ar dháta is déanaí, tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar dháta an dara Prótacal a theacht i bhfeidhm.

2. Gabhfaidh éifeacht le haon daingniúchán a dhéanfar tar éis an Prótacal seo a theacht i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, ar an gcoinníoll go mbeidh daingniúchán, glacadh nó formheas Choinbhinsiún na Róimhe ag an Stát lena mbaineann tagtha in éifeacht.

Airteagal 7 ⁽⁴⁾

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach in iúl do na Stáit Shínitheacha:

- (a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;
- (b) dáta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm;
- (c) aon ainmniú a fuarthas de bhun Airteagal 3 (3);
- (d) aon téacs a cuireadh in iúl de bhun Airteagal 8.

Airteagal 8

Cuirfidh na Stáit Chonarthacha in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach téacsanna aon fhorálacha ina ndlíthe a bheireann gur gá liosta na gcúirteanna in Airteagal 2 (a) a leasú.

⁽¹⁾ Feic fonóta 2, leathanach 41.

⁽²⁾ Feic fonóta 3, leathanach 41.

⁽³⁾ Feic leathanach 44.

⁽⁴⁾ Feic fonóta 2, leathanach 42.

Airteagal 9

Beidh éifeacht ag an bPrótacal seo fad is a bhíonn Coinbhinsiún na Róimhe i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 30 den Choinbhinsiún sin.

Airteagal 10

Féadfaidh Stát Conarthach ar bith athbhreithniú ar an bPrótacal seo a iarraidh. Sa chás sin, comórfaidh Uachtarán Chomhairle na gComhphobal Eorpach comhdháil lena athbhreithniú.

Airteagal 11 ⁽¹⁾

Tarraingíodh an Prótacal seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na deich dtéacs; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá déag de Nollaig sa bhliain míle naoi gcéad ochtó a hocht.

[Sínithe na Lánchumhachtach]

⁽¹⁾ Feic fonóta 4, leathanach 42.

DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA

Dearbhú Comhpháirteach

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne, Phoblacht na Fraince, na hÉireann, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Phoblacht na Portaingéile agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann:

Ar shíniú an chéad Phrótacail dóibh ar léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shíniú sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980;

Ós mian leo a áirithiú go ndéanfar an Coinbhinsiún a chur chun feidhme ar bhealach a bheidh chomh héifeachtach agus chomh comhionann agus is féidir;

Ag dearbhú a bhfonnmhaireachta chun malartú eolais a eagrú, i gcomhar le Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, ar bhreithiúnais a bhfuil éifeacht *res judicata* leo agus a tugadh de bhun an Choinbhinsiúin ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha sna cúirteanna dá dtagraítear in Airteagal 2 den Phrótacal réamhráite. Is é a bheidh i gceist sa mhalartú eolais:

- go ndéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta breithiúnais a tugadh sna cúirteanna dá dtagraítear in Airteagal 2 (a) agus breithiúnais thábhachtacha a tugadh sna cúirteanna dá dtagraítear in Airteagal 2 (b) a sheoladh chuig an gCúirt Bhreithiúnais,
- go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais aicmiú agus próiseáil dhoiciméadach ar na breithiúnais sin, ar a n-áireofar, a mhéad is gá sin, ullmhú achomaireachtaí agus aistriúchán agus foilsiú breithiúnas a bhfuil tábhacht ar leith iontu,
- go seolfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an t-ábhar doiciméadach chuig na húdaráis inniúla náisiúnta sna Stáit ar páirtithe sa Phrótacal iad agus chuig Coimisiún agus Comhairle na gComhphobal Eorpach.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-síniú a lámh leis an Dearbhú Comhpháirteach seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá déag de Nollaig sa bhliain míle naoi gcéad ochtó a hocht.

[Síniú na Lánchumhachtach]

Dearbhú Comhpháirteach

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne, Phoblacht na Fraince, na hÉireann, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Phoblacht na Portaingéile agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

Ar shíniú an Chéad Phrótacail dóibh ar léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shíniú sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980;

Ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha;

Ós mian leo a áirithiú go ndéanfar an Coinbhinsiún a chur chun feidhme ar bhealach a bheidh chomh héifeachtach agus chomh comhionann agus is féidir;

Ós é a miangas nach mbeadh difríochtaí léiriúcháin ag baint óna éifeacht aontach;

Á dhearbhu go measann siad gur cheart d'aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina bhall de na Comhphobail Eorpacha aontú don Phrótacal seo.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-síniú a lámh leis an Dearbhú Comhpháirteach seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá déag de Nollaig sa bhliain míle naoi gcéad ochtó a hocht.

[Síniú na Lánchumhachtach]

AN DARA PRÓTACAL

ag tabhairt cumhachtaí áirithe do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun an Coinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, a léiriú

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA SA CHONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA,

DE BHRÍ go dtiocfaidh an Coinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980 — dá ngairtear ‘Coinbhinsiún na Róimhe’ anseo feasta — i bhfeidhm tar éis an seachtú hionstraim dhaingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh,

DE BHRÍ go bhfuil sé riachtanach d’fheidhmiú comhionann na rialacha a leagadh síos i gCoinbhinsiún na Róimhe go mbunófaí sásra chun léiriú comhionann a áirithiú agus nach mór chuige sin na cumhachtaí iomchuí a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, fiú sula dtiocfaidh Coinbhinsiún na Róimhe i bhfeidhm i leith Bhallstáit uile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,

TAR ÉIS CINNEADH ar an bPrótacal seo a chur i gcrích agus chuige sin tar éis na daoine seo a leanas a ainmniú mar Lánchumhachtaigh:

[Lánchumhachtaigh arna gceapadh ag na Ballstáit]

NOCH A RINNE, ar chruinniú dóibh i gComhairle na gComhphobal Eorpach, agus tar éis dóibh a lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

1. Beidh ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach i leith Choinbhinsiún na Róimhe an dlínse a thugtar di leis an gCéad Phrótacal ar léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, arna chur i gcrích sa Bhruiséil ar an 19 Nollaig 1988 ⁽¹⁾. Beidh an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais infheidhme.

2. Déanfar, más gá, Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais a oiriúnú agus a chomhlánú de réir Airteagal 188 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Airteagal 2 ⁽²⁾

Beidh an Prótacal seo faoi réir a dhaingnithe ag Stáit a shínithe. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le

hArdrúnaí Chomhairle na gComhphobal Eorpach.

Airteagal 3 ⁽³⁾

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin.

Airteagal 4 ⁽⁴⁾

Tarraingíodh an Prótacal seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis agus comhúdarás ag gach ceann de na deich dtéacs; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach. Cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.

⁽¹⁾ Feic leathanach 34.

⁽²⁾ Feic fonóta 2, leathanach 41.

⁽³⁾ Feic fonóta 3, leathanach 41.

⁽⁴⁾ Feic fonóta 4, leathanach 42.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínte a lámh leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá déag de Nollaig sa bhliain míle naoi gcéad ochtó a hocht.

[Sínte na Lánchumhachtach]
